Tríd an tionscnamh dar teideal 'Bailte Cinn Scríbe', bhí gach Údarás Áitiúil sa tir in ann iarratas a dhéanamh ar mhaoiniúchán suas go €500,000 chun forbairt a dhéanamh ar bhaile sa chontae agus chun feabhas a chur ar na deiseanna turasóireachta a bhí á dtairiscint aige. Ba é a bhí i luach iomlán an chiste ná €15.5 milliún agus cuireadh túis le próiseas sainaitheanta na mbailte i lár na bliana 2019, rud a raibh na hÚdarás Áitiúla i gceannas air i gcomhairle le Fáilte Éireann. Chuir Údarás Áitiúla maoiniúchán ar fáil freisin rud a d'fhág go raibh éifeacht iolraigtheora ann i dtaca le acmhainní a bhí á gcur ar fáil chun feabhas a chur ar spásanna poiblí, amhail cearnóga, sráid-drecha agus margáí, ar bhealach a tharraingeoidh aird turasóiri agus a fheabhsóidh a n-eispéireas i mbailte ar leith. Tá cumas léirithe ag Fáilte Éireann maidir le ceannaireacht a dhéanamh i ndáil le forbairt inbhuanaithe, ar forbairt i atá iomlánaíoch agus a thacaíonn le cuairteoirí agus le pobail áitiúla ar aonan.

Sa bhliain 2019, ba thosaíochtaí tábhachtacha iad ullmhacht don Bhreatimeacht agus a chinntí go mbeadh Gnóthaí Turasóireachta athléimneach agus i roicht maith chun déileáil leis na dúshláin a leanfadh as an mBreatimeacht. Tá contúirtí ann i réimsí éagsúla: saincheisteanna simplí maidir le ceadúnais tiomána agus nithe níos casta ná sin a bhaineann le slándáil teorann, an gá le tacú lenár margadh sa Ríocht Aontaithe má thagann laghdú eile ar luach Steirling, agus fiorbhagairt ar 10,000 post turasóireachta sna cúinsi is measa. Cuid amháin den fhreagairt ar an mBreatimeacht is ea ullmhúchán a dhéanamh do dúshlán trí íoslaghdu a dhéanamh ar na tionchair shonracha atá ann agus béim ar leith á leagan ar oibriochtaí brabúsacha éifeachtúla. Chuaigh Fáilte Éireann i dteagmháil le 3,000 gnó agus cuireadh oiliúint ar fáil do níos mó ná 8,000 duine le go mbeidís in ann an méid sin a dhéanamh. Cuid eile den fhreagairt ar an mBreatimeacht is ea forbairt a dhéanamh ar ár múnlá gnó agus gníomhú sula dtarlaíonn athruithe. Sa bhliain 2019, cuid den ullmhacht don Bhreatimeacht ab ea oibriú ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar mhargáí nua i gcomhthéacs domhanda a bhí ag athrú go tapa. Ba é Éagsúlú Margaidh an ghairm chun gnímh.

Ní ligfimid don bhliain 2019 teacht chun bheith mar a bheadh cuimhne stáiriúil ann ar sheanlaethanta cailte. Saothraíonn oibrithe líne tosaigh ár dtionscail a mbeatha ní hamháin ar mhaithe leo féin agus ar mhaithe lena dteaghlach, soláthraíonn siad caipiteal sóisialta agus cultúir chomh maith, gan trácht ar shaoráidí aiochta agus cuairteora atá riachtanach don turasóireacht agus a théann chun tairbhe do phobail áitiúla ar bhonn sóisialta agus ar bhonn eacnamaiochta.

Tá gach duine a bhfuil baint acu leis an turasóireacht ina gcuid de mheitheal Éireann. Faigheann ár gcuid scoileanna agus ospidéal, na Gardaí agus na seirbhísí sóisialta tacaíocht ón ioncam riachtanach a fhaightear ón turasóireacht. Is é an tasc atá againn ná an turasóireacht a chothú le linn an choir chun donais seo. Athosclófar an earnáil go sábháilte, déanfar nuálaiocht inti, déanfar infheistíocht inti agus tabharfaimíodh treoir don todhchaí d'earnáil inbhuanaithe turasóireachta.

Tá an tuarascáil seo á scríobh ag tráth ina bhfuiltear in ísle brí tar éis buaicphointe a bheith bainte amach. Tá sí á scríobh freisin le hintinn ár dtionscal a atosú agus a chinntí go mbeidh ár ndaoine dea-oilte in ann a bheith ag obair i dtionscal turasóireachta na hÉireann amach anseo, ar tionscal é ar saintréithe dá chuid iad seanluachanna na haiochta agus smaointe nua nuálacha.

SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN 2019

I dtéarmaí simplí, tháinig 9.7m turasóir as áiteanna thar lear go hÉirinn anuraidh, agus ba é sin an líon ba mhó a taifeadadh riamh, agus léirigh sé méadú 1% i gcomparáid leis an mbliaín 2018. Ach meastar gur tháinig laghdú 1% ar chaiteachas na dturasóirí ó áiteanna thar lear, is é sin le rá, laghdú go €5.2bn.

Sa bhliain 2019, ba é a bhí i líon measta na ndaoine a bhí fostaithe sa tionscal ná 260,000 agus léiríonn an figiúr sin méadú 20,000 ó bhí an bhliain 2017 ann.

Ba bhliain í an bhliain 2019 inar tharla fás éagothrom sna croímhargaí thar lear. Sa bhaile, glacadh 12.9m turas turasóireachta, an líon is airde riamh, i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann. Bhí ioncam turasóireachta €2.5bn mar thoradh air sin agus ba iad daoine a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na hÉireann ba chionsiocair le 84% de sin.

Tháinig laghdú 3% ar an líon turasóirí ó Mheiriceá Thuaidh, is é sin, laghdú go 1.9m turasóir, rud a tharla tar éis sé bliana d'fhás dédhigiteach. Lean an t-éileamh ó Mhórthír na hEorpa de bheith ag fás, is é sin, méadú go 3.6m turasóir, agus ba mhéadú 3% é sin i gcomparáid leis an leibhéal ab airde roimhe sin sa bhliain 2018.

Mar thoradh ar na caibidlíochtaí leanúnacha maidir leis an mBreatimeacht, agus ar laghdú ar luach Steirling, cruthaíodh éiginnteacht i margadh na Breataine. Ach d'fhan an líon turasóirí ón mBreatain ag an leibhéal céanna, tríd is tríd, agus bhí 3.5m turasóir ón mBreatain ann. Ar fud na bliana, d'oibrigh Fáilte Éireann chun diríú ar an gcroímhargadh sin agus chun cabhrú le gnóthaí turasóireachta éagsúlú a dhéanamh isteach i margáí eile a bhí ag teacht chun cinn.

EISPÉIRIS CHUAIRTEORA DEN SCOTH AR DOMHAN A FHORBAIRT

Is thír í Éire ina bhfuil cuid mhór seod ceilte. I dtéarmáil turasóireachta, ba áit í nach raibh leas á bhaint aici as gach cuid iontach di. Ba é a bhí sa dúshlán a bhí le sárú againn ná brandáí réigiúnacha eispéiris a chruthú agus a fhorbairt.

Léiríonn rath ár mbrandaí réigiúnacha eispéiris an tábhacht a bhaineann le heispéiris chuairteora ardleibhéal i dtaca le turasóireacht a mhéadú de.

Is féidir linn méid na turasóireachta in Éirinn, mar atá ann faoi láthair, a iolrú go mór. Is féidir é a thagarmharcáil i gcomparáid leis an gcuid eile den domhan. Is ionann Slí an Atlantaigh Fhiáin, Croithaithe Ceilte na hÉireann agus Oirthear Ársa na hÉireann, mar aon le hlontais agus Dúlra Bhaile Átha Cliath, agus samplaí de cheannaireacht smaointeoireachta ar féidir léi eispéireas a sholáthar ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn séasúrach agus eispéireas cuairteora de chineál saibhir nuálaigh spreagúil a chur ar fáil.



WILD ATLANTIC WAY

SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

Is é Slí an Atlantaigh Fhiáin an chead bhealach turasóireachta fadachair de chuid na hÉireann agus síneann sí feadh chósta an Atlantaigh ó Dhún na nGall go hIarthar Chorcaí. Níl sé á mhargú sa rocht ina bhfuil sé faoi láthair ach le sé bliana anuas agus, cheana féin, tá Slí an Atlantaigh Fhiáin tar éis teacht chun bheith ina heispéireas iomaíoch i measc cuairteoirí as gach cearn den domhan.

Gach bliain ón tráth ar tionscnaidh an branda sa bláthain 2014 tá tuilleadh forbartha déanta ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus leanadh den treocheart sin sa bláthain 2019. Meastar gur thug 3.5m* cuairteoir cuairt ar an mbealach ar fad nó ar chuid den bhealach agus rinne lón méadaithe Éireannach turas chuig an gCósta Thiar. Chaith siad níos mó ná €3bn sna geilleagair áitiúla feadh na slí lúbaí, ar geilleagair iad de chineál tuaithe den chuid is mó.

Sa bláthain 2020, beidh maoiniúchán breise forbartha táirgí ar fáil do Shlí an Atlantaigh Fhiáin trí bhíthin scéim nua infeistiochta dar teideal 'Ardáin le haghaidh Fáis'. Cuirfidh Fáilte Éireann an scéim sin i bhfeidhm i seachtaí gcinn de Phleananna Forbartha Eispéiris Cuairteora agus

cuirfear tú le hobair ar thrí cinn eile chomh maith le straitéisí Bhailte Tairsí Shlí an Atlantaigh Fhiáin do Chill Airne agus Luimneach.

Mar chuid dár straitéis i ndáil le fás inbhuanaithe a spreagadh tá trí thimbhealach tiomána cruthaithe againn ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin chun spreagadh a thabhairt do chuaireoirí cuairt a thabhairt ar chodanna eile den réigiún lena mbaineann. Ba é Bealach Tiomána Inbhear na Sionainne, a críochnaíodh sa bláthain 2018, an chéad cheann de na bealaí tiomána sin agus d'oiríomar gan stád sa bláthain 2019 lena chinntí gur féidir linn an dá bhealach tiomána eile a lainseáil i gcompháirtíocht le pobail agus le húdaráis áitiúla i Ráithe 1 den bláthain 2020, is é sin le rá, Eispéireas Bhoirne agus Bealach Tiomána na Maoile Rua.

Sa bláthain 2019 freisin, curfear bailchríoch ar an obair ar raonta nua i bPáirc Náisiúnta Chonamara (Raon an Mhaolílinn agus Raon na bhFeirmeacha) agus ar 56km de raon nua easbhóthair rotháiochta agus siúil i bPáirc Náisiúnta Néifinne Fiáine.

* Réamhfhigiúir 2019





Ireland's Hidden HEARTLANDS

Clúdaíonn Croíthailte Ceilte na hÉireann an ceantar i 'gcroílár' na tire ó Liatroim síos go Loch Deirgeirt agus baineann an ceantar sin leis an Longfort, le hlarthar an Chabháin, le Ros Comáin, le hOirthear na Gaillimhe, le hOirthear an Chláir agus, chomh maith leis sin, le codanna den larmhí, de Thiobraid Árann agus d'Uibh Fhailí.

Seoladh branda Chroíthailte Ceilte na hÉireann i measc 350 ceannaitheoir as áiteanna thar lear i mí Aibreán 2019 le linn 'Meitheal' arb é an t-aonach is mó de chuid na hÉireann é do thrádáil an taistil. Cuireadh fáilte mhór roimhe rud ba léir ón lón cruinnithe gnó 'duine le duine' a bhí ann idir cuid mhór de na ceannaitheoirí agus na 28 ionadai tionscail atá againn i ngach ceann de na naoi gcontae i réigiún na gCroíthailte (sin méadú ó naoi ngató a bhí ann sa réigiún sin sa bhliain 2018). Ina theannta sin, rinneadh trácht ar Chroíthailte Ceilte na hÉireann i dTreoir na gCeannaitheoirí 2019 agus fógraíodh 24 cinn d'eispéiris nua indiolta. Is táirge é seo atá réidh le haghaidh conartháí d'Oibritheoirí Turas agus do Ghníomhaireachtáí Taistil Ar Líne.

I mí Dheireadh Fómhair, fógraíodh maoiniúchán €3.9m le haghaidh músaem úr den chineál is nua-aimseartha is é sin le rá, Músaem Náisiúnta an Ghorta Mhór i dTeach Pháirc Bhaile na mBuillí i gCo Ros Comáin. Mar thoradh ar an mórfheistíocht sin, meastar go dtiocfaidh méadú 50,000 ar an lín cuairteoirí rud a ghinfidh ioncam breise 13 mhilliún euro sa cheantar sa tréimhse cúig bliana atá romhainn. Tá an bailiúchán is mó ábhar a bhaineann leis an nGorta Mór le fáil i mBaile na mBuillí. Bainfidh Músaem Náisiúnta nua an Ghorta Mhór leas as teicneolaíocht ceannródaíochta, lena n-áirítear teilgín agus meascán fuaiméanna chun cuairteoirí a thumadh i gcultrú agus i saol laethúil na hÉireann i rith na mblianta roimh an nGorta Mór, lena linn agus dá éis. Sa Longfort, déanfar sráidbháile nua Normannach a thógáil ar an Móta i nGránard mar fhorlónadh ar ionad cuairteora Ridirí & Concais a oscalaíodh le déanaí. Mar chuid den infheistíocht beagnach €4 mhilliún atá beartaithe beidh maoiniúchán €640K ann ó Fháilte Éireann agus tá sé beartaithe an láthair nua a oscailt sa bhliain 2021. Chuir Fáilte Éireann maoiniúchán eile €67K ar fáil don Longfort le haghaidh Ionad Maria Edgeworth i Meathas Troim.



Walking in Ireland's Hidden Heartlands



Is ceann scriibe idirnáisiúnta é Baile Átha Cliath; is mol gnó é agus is tairseach é a sholáthraíonn rochtain ar an tír ar fad. Baineann cuairteoirí idirnáisiúnta úsáid as mar thairseach agus is ionann é agus pointe iontrála agus áit ina gcuírtear tú le sosanna níos faide in Éirinn agus, chomh maith leis sin, is bunáit é roimh imeacht tar éis an tsosa.

Baineann branda Bhaile Átha Cliath, mar atá, lontais agus Dúlra, le suíomh uathúil na príomhchathrach, is é sin, áit ina bhfuil ceantar bríomhar ann i lár na cathrach agus é suite idir na sléibhte agus cósta forleathan. Tá go leor staire ag baint le Baile Átha Cliath agus tá cuid mhór rudaí le feiceáil agus le déanamh ann, lena n-áirítear taitneamhachtaí cuairteora den scoth ar domhan, eachtraíocht allamuigh, páircanna cathrach, bailte cósta, cearnóga Seoirseacha, sráideanna doirneogacha agus bianna éagsúla do chách.


Sa bhliain 2019, bhí roinnt clár tábhachtach ar siúl chun forbairt a dhéanamh ar na nithe a bhí á dtairiscint do chuaireoirí i réigiún Bhaile Átha Cliath. Cumasaíodh ár gclár treoshuímh do chuaireoirí eolas a chur go héasca ar an gcathair agus ar an gcontae trí bhíthin tionscnamh amhail feabhas a chur ar áiseanna aimsithe cinn scribe sna príomh-mhoil iompair, táirge brandáilte cósta a chruthú, agus forbairt a dhéanamh ar phointí tairsí agus aimsithe áiteanna feadh an chósta. Ina theannta sin,

rinneamar dul chun cinn maidir lenár bPlean Forbartha Eispéiris Cuairteora do na Dugthailte.

Fógraíodh infheistíocht iomlán €1.75m faoinár scéim dheontais 'Scéalta lontacha Bhaile Átha Cliath' trína gcumasófar do 11 taitneamhacht cuairteoirí i mBhaile Átha Cliath freastal ar riachtanais an chuaireora nuaimseartha. Bhí an infheistíocht sin dírithe bheocht a chur i gcuid de scéalta Bhaile Átha Cliath ar bhealach a chruthaíonn fiorspéis i measc cuairteoirí agus eispéireas nach ndéanfar dearmad air. Tá clú ar Bhaile Átha Cliath mar gheall ar an bhfáilte mhór a chuirtear roimh chuaireoirí ann agus, sa bhliain 2019, thugamar seirbhís sármhaitheasa isteach do thiománaithe My Taxi mar chuid dár gcéad tionscnamh fálte. Mar chuid den chlár sin, fuair na rannpháirtithe faisnéis maidir le sármhaitheas seirbhise agus tugadh faisnéis dóibh maidir leis na nithe atá á dtairiscint sa chathair agus tugadh deis dóibh freisin cuairt a thabhairt ar thaitneamhachtaí éagsúla chun blaiseadh a fháil dóibh. Ina theannta sin, reáchtálar mar félte amhail Bram Stoker agus Féile na Blíana Nua chun rannpháirtithe agus gnó a mhealladh i rith mhionna an gheimhridh.

Sa bhliain 2019, meastar gur tháinig 6.6m cuairteoir as áiteanna thar lear go Baile Átha Cliath agus chaith siad €2.2bn* san iomlán agus cothaíodh os cionn 80,000 post.

* Réamhfhigiúir 2019



Dublin Bay and Wicklow Mountains, Co. Dublin



**IRELAND'S
ANCIENT EAST®**
Wander Through Time

I thith na bliana 2019, oscalaodh sé cinn déag d'eispéiris idirghníomhacha nua in áiteanna éagsúla ar fud an réigiún tar éis maoiniúchán os cionn €2.1 milliún a fháil mar chuid dár scéim infheistíochta 'Scéalaíocht agus Léirmhíniú' agus tá 2 cheann eile le hoscaill sa bliaín 2020.


I mbliana freisin, d'fhógraíomar Clár Infheistíochta Caipitiúla na mBailte Cinn Scíbe chun ligean do gach Údarás Áitiúil iarratas a dhéanamh ar mhaoniúchán suas go €500,000 chun forbairt a dhéanamh ar bhailte ar fud na tíre. Tá an cineál sin infheistíochta sa turasóireacht thar a bheith tábhachtach le go mbeidh Oirtheor Ársa na hÉireann in ann ionad feiceáilach a bhaint amach sa mhargadh idirnáisiúnta, go háirithe san am i láthair nuair atá treoichta turasóireachta ag athrú go gasta.

Ar fud na bliana 2019, d'oibrigh meitheal Oirtheor Ársa na hÉireann le gnóthaí turasóireachta agus le geallsealbhóirí eile chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le Pleananna Forbartha Eispéiris Cuaireteora don réigiún. Is pleananna forbartha tráchtála 3-5 bliana iad sin agus meallfaidh siad cuaireteoirí agus ioncam ar bhonn inbhuanaithe ar fud Oirtheor Ársa na hÉireann, go háirithe sa séasúr beagéilimh agus ar mhodh a tharraingeadh aird ár gcroímhargaí thar lear.

Tá meitheal Oirtheor Ársa na hÉireann ag leanúint de thacaíocht a thabhairt i leith cur le hacmhainn an tionscail agus na ngeallsealbhóirí trí bhíthin sraith tacaiochtaí oiliúna, lena n-áirítear clár Fháilte Éireann dar teideal 'Bí Réidh don Bhreatimeach', Bainistíocht loncaim, Éagsúlú Margaidh, Seirbhís Chustaiméara, léirmhíniú a fheabhsú agus ceardlanna a reáchtáil maidir le heispéireas cuaireteora. Sa bliaín 2019, tugadh tacaioccht do 595 ghnó agus fuair 1,680 duine tacaioccht.

Dála na mbrandaí eispéiris réigiúnaigh eile de chuid Fháilte Éireann, is é atá taobh thiar d'Oirtheor Ársa na hÉireann ná scéalaíocht agus aíocht. Baineann sé le margáíocht agus le tacaioccht ghnó. Tá oiliúint agus maoiniúchán i gceist leis. Is ionann é agus lónra nasctha ardánaithe d'áiteanna chun fanacht iontu, d'áiteanna chun cuairt a thabhairt orthu, agus chun blaiseadh a fháil d'eispéiris ar féidir idirghníomhú leo agus taitneamh a bhaint astu.

Tugann sé léargas níos forleithne ar an tír do chuaireteoirí. Cuireann sé bealaí ar fáil atá lasmuigh de na bealaí a bhfuil eolas níos fearr ann ina leith agus cuireann sé ábhar iontais agus lúcháire ar fáil do chuaireteoirí.



SAORÁIDÍ TURASÓIREACHTA DEN SCOTH AR DOMHAN A FHORBAIRT

Tosaíocht de chuid Fáilte Éireann is ea saoráidí turasóireachta de chineál tarraingteach inbhuanaithe a chur ar fáil, ar saoráidí iad a chuireann feabhas ar eispéireas an chuaireoora agus ar cháiilocht na beatha sa phobal áitiúil lena mbaineann. Sa bliaín 2019, cuireadh borradh mór faoin turasóireacht nuair a d'fhógair Fáilte Éireann infheistíocht €150m chun forbairt a dhéanamh ar mhórthaitneamhachtáí nua scála do chuaireoirí ar fud na tire - Ardán le haghaidh Fáis. Ba é an clár infheistíochta sin an ceann ba mhó fós de chuid Fáilte Éireann agus tá sé ina chuid de Scéim Dheontais Fáilte Éireann do Thionscadail Mhóra Turasóireachta a bheidh ar siúl suas go dtí an bliain 2022.

Mar thoradh ar an gclár seo, déanfar mórrthaitneamhachtáí nua scála do chuaireoirí a fhorbairt agus déanfar taitneamhachtáí atá ann cheana féin a fheabhsú go mór trí bhithin 'Ardán le haghaidh Fáis' agus beidh deontais ar leithigh á gcur ar fáil ag Fáilte Éireann le haghaidh taitneamhachtáí cuaireoora mór scála, ar deontais iad ar fiú €2.5 milliún, agus os a chionn, iad.

Tá 'Ardán le haghaidh Fáis' á mhaioniú faoi straitéis an Rialtais dar teideal Tionscadal Éireann 2040 agus tá sé mar aidhm aige fás inbhuanaithe a spreagadh in earnáil turasóireachta na hÉireann, mar aon le leibhéal níos airde ioncaim agus cruthaithe post a spreagadh ar fud na hÉireann. Is léiriú intinne an-dáiríre é sin maidir le todhchaí na turasóireachta in Éirinn.

Infheistíocht Chaipitiúil

Ar fud na bliana 2019, cheadaigh Fáilte Éireann €31.5m le haghaidh 53 tionscadal chaipitiúla, lena n-áirítear tionscadail faoin Scéim Dheontais do Mhórthionscadail Turasóireachta, faoi Scéim na mBailte Cinn Scribe agus faoi Scéim Dheontais Scéalta Iontacha Bhaile Átha Cliath 2018.

I measc na dtaitneamhachtáí nua agus na dtaitneamhachtáí feabhsaithe a oscalaodh sa bliaín 2019 áiriódh Músaem Litríochta na hÉireann i mBaile Átha Cliath, Mainistir na Coille Móire, Gaillimh, agus Brú na Bóinne i gContae na Mí. Maidir leis na taitneamhachtáí ar bronnadh maoiniúchán ina leith sa bliaín 2019, áiriódh iontu €2.5m le haghaidh Plás Cultúir nua i Sligeach agus, chomh maith leis sin, infheistíocht €6.44m maidir le claochlú Mhúsaem Chathair na Gaillimhe.

Ina theannta sin, lean Fáilte Éireann de bheith ag obair ar thionscadail trí bhithin roint sásraí infheistíochta amhail Compháirtiochtaí Straitéiseacha le hOifig na nOibreacha Poiblí, leis an tSeirbhís Náisiúnta Páircéanna agus Fiadhúlra, le Coillte agus le hUiscebealáí Éireann agus, chomh maith leis sin, trí bhithin scéimeanna beaga deontais a bhain le Slí an Atlantaigh Fhiáin agus le hOirthear Ársa na hÉireann.

Féilte

Sa bliaín 2019, rinne Fáilte Éireann beagnach €5m a infheistiú i gclár leathan Féilte agus Imeachtaí Rannpháirtíocha a raibh mar aidhm aige spreagadh a thabhairt do chuaireoirí idirnáisiúnta teacht go hÉireann ag tráthanna beagéilimh agus dul chuig áiteanna lasmuigh de na ceantair mhóréilimh. Trí nár gClár Náisiúnta Féilte agus Imeachtaí Rannpháirtíocha, soláthraíodh tuairim is €2.3m do 34 ghrúpa a raibh féilte agus imeachtaí á reáchtáil acu. Soláthraíodh €552,000 d'Údarás Áitiúla chun tacú le níos mó ná 200 féile agus imeacht áitiúil.

Leanamar dár gClár Féilte Comhchruthaithe a leathnú agus infheistíodh os cionn €1.8m i raon féilte lena n-áirítear NYF Dublin, i gcompháirtíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ba í seo an bliain ba rathúla don fhéile sin go dtí seo agus mealladh os cionn 150,000 duine chun páirt a ghlacadh san fhéile inar áiriódh lón mór imeachtaí amhail an *Countdown Concert* ag Teach iocónach an Chustaim, an *Liffey Lights Midnight Moment* agus Ceolchoirm thionscnaimh Lae Caille i mBarra an Teampaill.

Cruthaíodh an Global Diaspora Series i gcompháirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha chun cabhrú le pobail áitiúla leas a bhaint as lónraí idirnáisiúnta diaspora agus na lónraí sin a fhorbairt agus, i mbliana, eagraiodh an dara bliain de chuid dhá fhéile phíolótacha a seoladh i Luimneach agus i nDún na nGall agus a forbraíodh tuilleadh ar bhonn idirnáisiúnta sa bliaín 2019.

D'infheistigh Fáilte Éireann €30,000 chun tacú le forbairt dhá fhéile ar bhonn idirnáisiúnta: féile Marconi, Alcock and Brown sa Chlochán i mí an Mheithimh agus féile thionscnaimh an Winter Pride Festival i mBaile Átha Cliath a bhí thírithe ar Oscar Wilde. Rinneamar tuilleadh forbartha ar ár bplean chun leathnú a dhéanamh ar Cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig in Éirinn trí thacú le fás agus forbairt trí cinn de Pharáidí Réigíúnacha Lá Fhéile Pádraig, ar bhonn idirnáisiúnta, is é sin le rá, Paráidí Luimnígh, Chorcaí agus Chill Airne, agus trí túis a chur le glaoch ar mhaoiniúchán le haghaidh lón áirithe eile Ceiliúrthaí Lá Fhéile Pádraig.

Féile Nua – Púca

Is anuraidh a bunaíodh Púca mar fhéile nua de chineál mórrthaibhseach, spraíúil neamhshaolta ar lena linn a dhéantar ceiliúradh ar Éirinn mar áit tionscnaimh Oíche Shamhna. Tá gnéithe bríomhara comhaimseartha ag baint leis an bhféile seo ach tá sé bunaithe go mór ar thraigisiúin agus reáchtáladh i dtrí shuíomh i gContae na Mí agus i gContae Lú sa tréimhse ó 31 Deireadh Fómhair go 2 Samhain 2019.

D'fhorbair Fáilte Éireann an fhéile i gcompháirtíocht le Comhairle Chontae na Mí agus Comhairle Chontae Lú. Is mian le Fáilte Éireann Púca a fhorbairt mar fhéile idirnáisiúnta mhórscála chun ceiliúradh a dhéanamh ar Éirinn mar áit tionscnaimh Oíche Shamhna ar traidisiún é ar cuireadh túis leis mar thraigisiún ársa na Samhna agus chun tuilleadh cuaireoíri idirnáisiúnta a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar Éirinn i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna. I rith na féile tionscnaimh trí lá tháinig beagnach 20,000 cuaireoir chuig trí shuíomh in Oirthear ársa na hÉireann.

AN TURASÓIREACHT GHNÓ A FHÁS SNA RÉIGIÚIN GO LÉIR

Sa bhliain 2019, lean an Turasóireacht Gnó de bheith ar cheann de na hearnálacha de chuid an tionscail ina dtuilltear an méid is mó airgid, agus ina gcaitheann taistealaithe gnó beagnach trí oiread an mhéid a chaitheann an gnáthchuaireoír. Dá bhí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach go leithroinntear acmhainn dóthanacha do mhargai na n-imeachtaí corporáideacha agus gnó. Ba shárbliaín eile í an bhliain 2019 i dtaca le foireann Fháilte Éireann i réimse na Turasóireachta agus na nlmeachtaí Gnó agus sáraíodh na spriocanna a bhí ann maidir le deiseanna nua gnó a ghiniúint agus na deiseanna sin a thiontú ina bhfiorghnó. I rith na bliana, d'aimsigh Fáilte Éireann luach €211m i bhfoirm comhdhálacha idirnáisiúnta agus imeachtaí gnó le haghaidh blianta reatha agus blianta amach anseo agus bhain €47.2m den tsuim sin le himeachtaí i Réigiún na hÉireann (sin méadú 39% i gcomparáid leis an mbliaín 2018). Ina theannta sin, chruthaigh foireann Fháilte Éireann píblíne 667 ndeis le haghaidh imeachtaí idirnáisiúnta gnó arbh fhiú €402m í le haghaidh blianta reatha agus blianta amach anseo. Is ionann sin agus méadú 7% i gcomparáid leis an mbliaín roimhe sin.

Tarraingíodh aird ar leith ar Éire a chur sa riocht gur ceann scriibe inbhuanaithe í. Chuige sin, rinne Fáilte Éireann aighneacht chuig an Innéacs Domhanda Inbhuanaitheachta Cinn Scribe a chomhordú thar ceann na gcúig Bhiúró Comhdhála i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i gCiarraí, sa tSionainn agus i nGaillimh agus baineadh gradam amach mar an ceann scriibe is mó feabhas san iomlán. Rinneadh compháirtíocht straitéiseach le IDA, le GPA, le IIBN agus le grúpaí éagsúla alumni chun clár Ambasadóirí Corporáideacha na hÉireann a fhás. Is é is aidhm don chlár sin ná daoine a mhealladh a bhfuil post tionchair acu i gcorporáidí móra thar lear agus a bhfuil baint acu le hÉirinn.

Mar bhealach chun neart an bhranda agus cáil Fháilte Éireann mar cheannairí smaointeoirreachta sa tionscal a fheabhsú tuilleadh, shuigh baill foirne ar bhoird SITE Ireland, SITE Young Leaders agus European Cities Marketing. Ainmníodh foireann 'Meet in Ireland' Fháilte Éireann mar **'IBTM Stand Personnel of the Year'** in Barcelona den dara bliain i ndiaidh a chéile i gcomórtas ina raibh 270 rannpháirtí eile páirteach sa áiteanna ar fud an domhain. Is ionann 'IBTM World' agus imeacht ceannasach domhanda don tionscal MICE agus, tríd an ngradam sin a fháil, bhí aitheantas á thabhairt do ghairmiúlacht agus nuálaíocht foireann 'Meet in Ireland' a mhéid a bhain le Éire a dhíol mar cheann scriibe MICE le níos mó ná 4,000 ceannaitheoir.

TURASÓIREACHT FÓILLÍOCHTA A FHÁS

Tá ról an-suntasach ag trádáil na turasóireachta idirnáisiúnta i dtaca le gnó turasóireachta a oibriú in Éirinn. Thar na blianta, tá cothú déanta ag Fáilte Éireann, i gcomhar le Turasóireacht Éireann, ar chaidreamh dlúth leis na príomhoibritheoirí turais agus leis na príomhghníomháirí taistil sna margáí go léir thar lear. Tri oibriú go dlúth leis an trádáil taistil in Éirinn agus thar lear, soláthraíodh 166,000 oícheanta breise i lóistín do na ceithre bhranda eispéiris.

Chuir Fáilte Éireann trí ardán gailf ar fáil do thomholtóirí ar oiléan na hÉireann, is é sin le rá, i mBéal Feirste agus le haghaidh Chomórtas Oscailte Saor ó Dhleacht Dubai, sa Leacht, agus ag an gComórtas Oscailte in Royal Portrush i mí lúil. Mar thoradh ar na hardáin sin bhí deiseanna ardcháilíochta ag níos mó ná 100 soláthraí gailf na hÉireann chun earraí a dhíol. Chomh maith leis sin, bhí foireann Fháilte Éireann gníomhach sa mhargadh idirnáisiúnta sa bhliain 2019 agus chuir siad aon cheann déag de Phleananna Comhghníomhaíochta i bhfeidhm i gcompháirtíocht le Turasóireacht Éireann. Mar thoradh ar na pleannána sin cuireadh 45 mhisean díolacháin i gcrích sa mhargadh ar lena linn a tharla os cionn 800 cruinníú 'duine le duine' le ceannaitheoirí agus a cruthaíodh agus a soláthraíodh 18 ríomhiris nuachta faoi thárgí do níos mó ná 8,000 duine sa trádáil taistil idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, dhear agus sholáthair an foireann 59 gcúrsa taistil do Cheannaitheoirí Idirnáisiúnta as 22 mhargadh le haghaidh 'Oirtheard Ársa na hÉireann', 'Croíthailte Ceilte na hÉireann', 'Slí an Atlantaigh

Fhiain' agus 'Baile Átha Cliath' agus rinneadh 829 gCeannaitheoirí Idirnáisiúnta a óstáil go hiomlán. Trí chuaireanna eolais, ceardlanna agus imeachtaí lónraithe a eagrú, chuir Fáilte Éireann deiseanna ar fáil do 1,689 nduine de chuid thionscal turasóireachta na hÉireann dul i dteagmháil leis na ceannaitheoirí sin. De bhreis air sin, earcaíodh 433 ionadáí ó na ceithre bhranda eispéiris chun bheith páirteach i 38 ardán díola éagsúla i 16 Mhargadh Idirnáisiúnta. Cinníonn sé sin go mbíonn Éire i measc na dtíortha a bhíonn ar fáil do ghrúpaí agus do thaistealaithe aonair ar fud an domhain don bhliain dár gcionn agus do bhlianta ina dhiaidh sin.

D'eagraigh Fáilte Éireann Meitheal den scoth ar domhan arís sa bhliain 2019. Bhí tábhacht ar leith ag imeacht 2019 ó tharla go raibh seans ann gur Breataimeacht gach chomhaontú a bheadh ann. Ar an ábhar sin, leagadh béim ar leith ar ghnó ó Ríocht Aontaithe a choiméad ar bun chomh maith le gnó a ghnóthú ó mhargaí brabúsacha eile. Tharla tuairim is 13,500 cruinníú 'duine le duine' i rith an imeachta dhá lá.

“...is mian le Fáilte Éireann Púca a fhorbairt mar fhéile idirnáisiúnta mhórscála chun ceiliúradh a dhéanamh ar Éirinn mar áit tionscnaimh Oíche Shamhna ar traidisiún é ar cuireadh túis leis mar thraidisiún ársa na Samhna agus chun tuilleadh cuairteoirí idirnáisiúnta a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar Eirinn...”



“ ...i measc na dtionscnamh nua áiríodh ‘Bí Réidh don tSín’ ar tionscnamh é ar éirigh go han-mhaith leis i measc beagnach 130 gnó a bhí ag gabháil don bhunleibhéal agus 23 ghnó a raibh creidiúnú COTRI á bhaint amach acu...”



Loop Head Lighthouse, Co. Clare

TACÚ LE TIONSCAL ATÁ LÁDIR

Is eispéireas iontach pearsanta é an turasóireachta agus tá an turasóireacht in Éirinn chomh héifeachtach agus atá na caighdeán seirbhíse a chuirtear ar fáil. Tá Fáilte Éireann tiomanta i leith an scilbhisithe, i leith forbairt gairmréime agus i leith sármahitheas gairmiúil ag gach leibhéal sa tionscal.

Chuir clár Fáilte Éireann dar teideal 'Bí Réidh don Bhreatimeacht' tacáiochtaí spriocdhírithe ar fáil chun cabhrú le fiontair déileáil le dúshlán shonracha a bhain leis an mBreatimeacht. Lig 'Seiceáil Ullmacha don Bhreatimeacht' do ghnóthaí ar leithligh féinmheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhain leo agus soláthraíonn sé raon idirghabhálacha a oireann dá riachtanais. Cuireadh clár tacáiochtaí saincheaptha ar fáil ar fud na bliana chun cabhrú le níos mó ná 1,000 gnó.

Leanamar de shraith iomlán tacáiochtaí forbartha gnó agus oiliúna a thairiscint chun cur leis an inniúlacht i ndáil le díolachán idirnáisiúnta agus chun feabhas a chur ar eifeachtúlachtaí fiontraíochta. D'oibrigh Fáilte Éireann le beagnach 4,000 fiontar turasóireachta agus le níos mó ná 9,000 cliant sa bláthain 2019.

I measc na dtionscnamh nua áiríodh 'Bí Réidh don tSín' ar tionscnamh é ar éirigh go han-mhaith leis i measc beagnach 130 gnó a bhí ag gabháil don bhunleibhéal agus 23 gnó a raibh creidiúnú COTRI á bhaint amach acu. De bhreis air sin, d'éirigh go fiormhaith le 'Clár Náisiúnta na Sársheirbhíse' i measc na 5,000

rannpháirtí ó 500 gnó a bhíonn ag plé le roinnt ceann scribé tábhachtach agus bronnadh creidiúnú agus gradaim orthu.

I gcomhpháirtíocht le Turasóireacht Éireann agus le Tourism Northern Ireland, bhí Fáilte Éireann i gceannas ar an gcéad tionscnamh margáiochta uile-oileán dar teideal '**Blaiseadh den Oileán**' agus a bhí ceaptha chun eispéireas bia agus deochanna na hÉireann a chur ar taispeáint. Ba thosaíochtaí tábhachtacha iad freisin tacú le dáileadh réigiúnach agusfadú an idirshéasúir. Mar thoradh ar an tionscnamh rathúil dar teideal 'Blaiseadh den Oileán', cuireadh borradh nua faoin bhfond sa tionscal chun feabhas a chur ar cháilíocht na nithe a bhí á dtairiscint sa réimse seo chun tacú lenár gcuspóir fadtéarma maidir le feabhas a chur ar an dearcadh faoi bhia agus faoi dheochanna in Éirinn i measc cuairteoirí intíre agus cuairteoirí as áiteanna thar lear agus, chomh maith leis sin, chun forbairt a dhéanamh ar na céadta tairiscint atá ann ó thaobh bia agus deochanna ardchaighdeáin de chineál eispéireasach de.

SOLÁTHAR SAOTHAIR AGUS FORBAIRT SCILEANNA

Agus ár spriocanna uaillmhianacha fáis don turasóireacht á gcur san áireamh, tá ról thar a bheith tábhachtach ag Fáilte Éireann, ina cháiil mar Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, ó thaobh earnáil turasóireachta na hÉireann a spreagadh, a chur chun cinn, agus ó thaobh tacú léi, an méid ceart, agus an caighdeán ceart, cumaís a bheith aici laistigh den earnáil le go mbeifear in freastal i gceart ar chuairteoirí.

Aithnítear gurb é atá sa chur chuige is fearr atá ag teastáil i leith tacú le fostaocht inbhuanaithe san earnáil ná cur chuige comhordaithe comhoibríoch sa tionscal, sa réimse oideachais, i measc soláthraithe oiliúna agus i measc geallsealbhóirí iomchuí eile. Chuir an Grúpa Formhairseachta Gairmréimeanna Turasóireachta agus Aíochta, a bhfeidhmíonn Fáilte

Éireann mar chathaoirleach air, cuid mhór dá chuspóirí i gcríoch sa bláthain 2019, lena n-áirítear an bhearna a laghdú maidir le scileanna, agus tá gach grád cócaire i dteideal cead fostaochta a fháilanois, gan aon chuotáí a bheith ann.

ÉIRE A CHUR CHUN CINN MAR PHRÍOMHCHEANN SCRÍBE DO CHUAIRTEOIRÍ

Rannchuidíonn an margadh intíre ar bhealach thar a bheith tábhachtach le cothú na turasóireachta in Éirinn. Tá tábhacht ár gcuairteoirí intíre soiléir sna réigiún agus is chuir cinn scribé lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a dhéantar 85% de na turais intíre go léir. Ghin gníomhaíochtaí agus turais in áiteanna ar shiúl ón mbaile ioncam measta €2.1 billion i rith na bliana 2019.

D'infheistigh Fáilte Éireann níos mó ná €4m sa bláthain 2019 chun an margadh saoire intíre a mhargú agus chun tacú leis.

Baineadh úsáid as an infheistiú ar raon gníomhaíochtaí lena n-áirítear ceithre fheachtas shaincheaptha chun féilte agus imeachtaí a chur chun cinn agus 'May the Fourth', 'Bram Stoker' agus an 'Global Irish Festival' san

áireamh. I mí Lúnasa, cuireadh 'Blaiseadh den Oileán', arbh é an chéad cheiliúradh uile-oileáin é ar bhia agus ar dheochanna na hÉireann, i láthair do thomhaltóirí intíre agus do thomhaltóirí Thuaisceart Éireann.

De bhreis ar dhíriú ar chuairteoirí ó Thuaisceart Éireann inár gcuid feachtas go léir, rud a rinneadh mar fhreagairt ar laghdú ar an lín cuairteoirí ó Thuisceart Éireann, chuir Fáilte Éireann 'NYF Dublin' chun cinn go sonrach do chuairteoirí ó Thuisceart Éireann i sainfheachtas ilmheán inar áiríodh fógraíocht allamhagh agus fógraíocht ar an raidió agus sna meáin shóisialta agus fógraíocht dhigiteach.

Maidir le 'Slí an Atlantaigh Fhiáin', 'Oirtheor Ársa na hÉireann' agus Croithialte Ceilte na hÉireann, leanamar dá straitéis feachtas earraigh agus samhraidh a shaothrú. Chonaic, nó chuala, níos mó ná 90% den daonra an fhógraíocht a bhain le gach ceann ar leith de na brandáí.

De bhreis air sin, chuireamar siúl chun cinn mar spreagthóir tábhachtach i leith sos a ghlacadh in Éirinn agus rinneadh an cur chun cinn sin trí bhíthin 'Tales & Trails', is é sin, straith podchraoláit tumthacha duaisbhuaiteacha a raibh tacáiocht ann dóibh i bhfoirm mol saincheaptha ábhar inar cuireadh níos mó ná 110,000 leathanach chun breathnú agus os cionn 200,000 fírsadharc ar fáil.

Mar chuid den chur chun cinn a rinne Fáilte Éireann i ndáil le Baile Átha Cliath, reáctálamar feachtas idirnáisiúnta sé seachtaine chun Baile Átha Cliath a chur chun cinn mar chathair chinn scríbe i margáil éagsúla, rud a rinneadh i gcompháirtíocht le Turasóireacht Éireann agus leis na ceithre Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath.

I rith na bliana, chuir Fáilte Éireann tú le tionscadal nua chun athbhreithniú agus míncagadh a dhéanamh ar éiceachórás digiteach Fáilte Éireann do thomhaltóirí trí na láithreáin ghréasáin go léir agus trí na cainéil shóisialta go léir dár gcuid a chur san áireamh. Tá sé sin á dhéanamh againn lena chinntíú go bhfuil an t-eispéireas is fearr is féidir á sholáthar do chuairteoirí ag gach céim dá dturas digiteach. Leagfar béis ar leith ar an tionscadal sin sa bliain 2020. San iomlán, a

mhéid a bhain lenár mbrandaí go léir, bhí níos mó ná 12m teagmháil ann leis an ábhar digiteach, mar aon le 6m seisiún láithreáin gréasáin, agus tá pobal gníomhach sóisialta againn ina bhfuil níos mó ná 1.3 úsáideoir.

Clár na Saineolaithe Áitiúla

Cuireadh Clár Fháilte Éireann maidir le saineolaithe áitiúla i bhfeidhm in 8 gcontae ar fud na tíre. Trí chlár na Saineolaithe Áitiúla, cuittear faisnéis ar fáil do dhaoin leas as a gcuid saineolais. Ligeann sé sin dóibh faisnéis a chomhroinnt agus eispéiris dhearfacha a chruthú i measc cuairteoirí, rud a rachaidh chun tairbhe don gheilleagar áitiúil agus a chothóidh fás sa gheilleagar áitiúil. Faoi dheireadh na bliana 2019, bhí páirt glactha ag 2,360 duine i gClár na Saineolaithe Áitiúla.

Lainseáil Phleananna Fháilte Éireann don bliain 2020

I mí na Samhna 2019, d'óstáil Fáilte Éireann imeacht don tionscal turasóireachta chun scéala a fháil faoinár gcuid pleannána dob bliain a bhí romhainn agus faoi na príomhdhúshláin agus faoi na príomhdheiseanna a cheapamar a bheadh ann don tionscal. D'fhreastail beagnach 600 duine, as gnótháil turasóireachta agus as grúpaí compháirtíochta ar fud na tire, ar an imeacht sin agus chabhráigh sé linn straitéisí an tionscail i gcoitinne a ailiniú, agus béisim á leagan ar phleananna réigiúnacha freisin.

Cruinnithe le Comhaltaí den Oireachtas

Chuir meithleacha réigiúnacha Fháilte Éireann faisnéis ar fáil do chomhaltaí den Oireachtas maidir lena gcuid oibre ar an láthair le linn dóibh cabhair a thabhairt maidir le méadú a dhéanamh ar an lín cuairteoirí, maidir le méadú a dhéanamh ar an ioncam ó thurasóireacht agus maidir le tacú le fostáiocht ar fud na tíre. Tugadh mionsonraí sonracha do níos mó ná 130 comhultaí den Oireachtas maidir le cláir infheistíochta Fháilte Éireann, agus maidir lena chuid tacáiochtaí gnó, pleannána i leith féilte, tionscnamh oiliúna agus deontais do ghnóthaí turasóireachta, agus taitneamhachtaí cuairteora i ngach contae ar leith.

Roundstone, Connemara

CONCLÚID

Tá réimse na turasóireachta in Éirinn, ar tríd a chuirtear fáilte roimh chuaирteoirí agus a chuirtear siamsaíocht ar fáil dóibh, ina chuid dár gcarachtar mar phobal. Ar oiléán beag, bionn daoine fiosrach go nádúrtha faoi strainséiri. Mar earnáil dhúchasach dhíograiseach, chuir turasóireacht láidreacht agus inbhuanaitheacht ar fáil don gheilleagar in 2019 an tráth céanna a bhfuil an Breatimeacht ag bagairt orainn. Cuid thábhachtach atá inti do chothromaíocht réigiúnach agus cuireann sí go mór le comhtháiteacht shóisialta.

Ar bhonn réigiúnach, is ionann an turasóireacht agus borradh eacnamaíochta. Ar bhonn séasúrach, cuireann an turasóireacht deis oibre ar fáil, mar aon le fáltais ó infheistíocht in áiteanna áirithe ar fud na bliana, agus i rith tréimhse i bhfad níos faide in áiteanna eile. Is cuid de scéal na hÉireann í an turasóireacht. Baineann sí go dlúth le cé sinn. Is féidir léi a bheith ina spreagthóir inbhuanaithe nuálaíoch fáis má thugtar cosaint di agus má fhorraítear í.

Is é atá sa phlean atá againn ná éileamh a mhéadú trí dhíolacháin agus trí mhargaíocht, Oibreomnid i ndlúth-chomhpháirtíocht le Turasóireacht Éireann a dhéanann margáíocht i leith oiléán na hÉireann ar fud an domhain. Cuirfimid feabhas ar sholáthar trí eispéiris shármhaithe cuairteora a chruthú agus trí ghníomhaíochtaí spreagúla nua a chur chun cinn. Tá tionscal den scoth ar domhan á chruthú trí bhíthin rudaí amhail féilte, Glasbhealach Phort Láirge agus Aillte an Mhothair. Tabharfar tacaíocht don tionscal sin trí acmhainneacht bhereise a chur ar fáil, trí iomaíochas agus trí ardchaighdeáin. Beidh bonneagar fisiciúil agus infheistíocht inár ndaoine ina saintréithe dár gcuid oibre sa todhchaí.

Is iad na bloic thíoga a bheidh ann don todhchaí sin inbhuanaitheacht chomhshaoil, turasóireacht inbhuanaithe agus taighde lena dtugtar treoir, agus lena ndéantar tomhas, ar an obair a dhéanaimid. Tá gá le sintéis bheartais chun na bloic thíoga sin a chur ar fáil agus chun an acmhainneacht a bhaineann leo a bhaint amach. Ní mór don réimse iompair, d'údarás áitiúla agus do ghníomhaireachtaí agus ranna rialtais a bheith ag comhoibriú le chéile ar bhealach níos dlúithe. Ní mór dúinn a chinntíú go mbeidh ár dtaitneamhachaí níos sofheicthe ar líne agus go mbeidh sé níos fusa teacht orthu ar an láthair. Ní mór dúinn ullmhúchán a dhéanamh i leith cultúir éagsúla i margáí nua.

I bhFáilte Éireann, is é atá san obair atá le déanamh againn ná an turasóireacht a fhorbairt ar bhealaí a fhreastalaíonn ar riachtanais athraitheacha ó thaobh an chomhshaoil agus an chultúir de agus i margáí atá ann cheana féin agus i margáí nua.

Féachfaidim le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe go léir chun feabhas a chur ar eispéireas an chuaирteora agus le hiarrachtaí a dhéanamh i gcónaí teacht ar bhealaí nua nuálacha chun an méid sin a bhaint amach.

Baineann an tairbhe a éiríonn as sin go príomha leis an bpobal a dtugtar cuairt air. Ina theannta sin, baineann sé le rannchuidíú na turasóireachta leis an ngeilleagar náisiúnta. Tá an turasóireacht ina cuid thábhachtach dár gclú idirnáisiúnta mar go mbíonn na daoine a thagann ar chuaирt anseo ag caint faoina n-eispéireas nuair a théann siad abhaile. Ní mór dúinn déileáil le haimsíniú agus le haimsíri an-deacair anois. Déanfaimid sin le tacaíocht iomlán ón Rialtas agus ónár gcomhpháirtithe go léir agus cuid dár gclár oibre is ea cabhrú le fiontair leanúint de bheith ar marthain. Cuid eile den chlár oibre is ea ullmhúchán a dhéanamh agus a bheith réidh chun an tionscal a athoscailt. Inár gcáil mar údarás turasóireachta, is é atá sa triú cuid den chlár oibre ná an nuálaíocht a stiúradh lena chinntíú gur ceannaire í Éire nuair atá géarchéim Covid-19 taobh thiar dínn. I ndomhan atá athraithe go hiomlán ó bhí an bliain 2019 ann, is é sin, an bliain lena mbaineann an tuarascáil seo, tá cabhair á tabhairt againn ar mhaithle le maireachtáil a áirithíú agus táimid ag obair ar mhaithle le téarnamh.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuaireamar ón Rialtas ar feadh na bliana 2019, go háirithe ón Aire Ross agus ón Aire Griffin. Táim ag súil le bheith ag leanúint den chaidreamh láidir seo leis an Aire Martin agus a hoifigigh.

Ar nota pearsanta, ba mhaith liom ómós a léiriú do cheannaireacht agus do thiomantas ár n-iar-Chathaoirligh, Michael Cawley. Ba mhór an tacaíocht a thug Michael dom féin agus d'fhoireann Feidhmiúchán Fáilte Ireland. Rinne sé an-chuid oibre chun earnáil na turasóireachta a fhorbairt agus a neartú anseo in Éirinn le linn a thréimhse ina Chathaoirleach.


Ní hí an bliain seo caite amháin a bhí sa bliain 2019, ré eile ar fad a bhí inti. Tá domhan eile i ndiaidh Covid ar an mbealach. Ní bheidh sé mar a chéile agus beidh gá le smaointeoireacht agus smaointe nua. Is í seo an tacaíocht agus an cheannaireacht smaointeoireachta a chuirfidh muid leis an tionscal.



Paul Kelly
 Príomhoifigeach Feidhmiúchán, Fáilte Ireland



“...is é atá san obair atá le déanamh againn ná an turasóireacht a fhorbairt ar bhealaí a fhreastalaíonn ar riachtanais athraitheacha ó thaobh an chomhshaoil agus an chultúir de agus i margaií atá ann cheana féin agus i margaií nua ...”



Watson the Adventure Dog in the Hidden Heartlands

Ráiteas Corparáideach

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

Rialachas Corparáideach

Tacaíonn agus aontaíonn Fáilte Éireann leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde agus cloíonn siad leis na prionsabail agus leis na treoirlínte infheidhmithe de réir mar a mhíntear sa Chód Cleachtais Leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus i ngach mír reacthaíochta de chuid an Rialtais, lena n-áirítear an Cód maidir le Caiteachas Poiblí.

Comhionannas

Is fostóir comhionannais deiseanna é Fáilte Éireann. Cuireann an eagraíocht an reacthaíochta iomchuí go léir maidir le comhionannas i bhfeidhm.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Rinneadh sábháilteacht ag leas fhostaithe na heagraíochta agus na gcuairteoirí in áitribh na heagraíochta a choimircíú trí chloí go docht leis na caighdeáin sábháilteachta agus sláinte. Tá an tÚdarás sásta go gcomhlíonann an eagraíocht forálacha an Acharta um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Saoráil Faisnéise

Sa tréimhse atá á hathbhreithniú, fuair Fáilte Éireann 41 iarraidh faoin reacthaíochta a bhaineann le *Saoráil Faisnéise*.

Nochtadh Cosanta


De réir alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta 2014*, daingníonn Fáilte Éireann nach bhfuarthas aon fhógraí maidir le nochtadh cosanta sa bhliain 2019.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a Chomhlíonadh

Tá sraith chuimsitheach gníomhartha curtha i bhfeidhm ag Fáilte Éireann chun dualgais na heagraíochta a bhainistíú faoi na rialacháin RGCS, lena náirítear na nithe seo a leanas:

- Rinneadh Oifigeach Cosanta Sonrai (OCS) a cheapadh.
- Rinneadh Úinéirí Taifead Aonaid (ÚTA) agus Riarthóirí Taifead Aonaid (RTA) a shannadh.
- Rinneadh Beartais Phríobháideachais, Beartais agus ar Nósanna Imeachta maidir le Shárú na Rialachán i leith Sonrai, Beartais Acmhainní Daonna agus Beartais maidir le Fianáin a uasdátú.
- Rinneadh doiciméid tairisceana agus comhaontuithe conartha a uasdátú lena chinntí go gcuirfear na comhaontuithe Rialaitheora/Próiseálaí i bhfeidhm agus go ndéantar iad a uasdátú d'fhoíne tionchar an Bhreatimeachta a mhaolú.
- Soláthraíodh oiliúint don fhoireann ar fad agus leanfar d'oiliúint a sholáthar i rith na bliana 2019.
- Cuireadh measúnachtaí tionchair sonrai agus mapáil próiseas i gcrích.
- Tá Cláir Sonrai Rannán ann agus tá siad á mbainistíú go gníomhach ag gach Ceann Rannán le tacailocht ón bhFoireann Cosanta Sonrai agus ón mBainisteoir Rioscái.
- Tá nósanna imeachta Príobháideachais d'Aon Ghnó i bhfeidhm agus tá an fhoireann Cosanta Sonrai ag tabhairt faoi Mheasúnachtaí Tionchair Cosanta Sonrai ar thionscadail, ar ghníomhaíochtaí agus ar soláthairtí seachtracha iomchuí de réir mar is gá.

GNÍOMHAÍOCHT TRAENÁLA 2018-2019



Comhaltaí an Údaráis 2019

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

Tinreamh Comhaltaí ag Cruinnithe Údaráis sa bhliain 2019

AN COMHALTA	IOMLÁN	TÚS/DEIREADH LE SEILBH OIFIGE
Michael Cawley (Cathaoirleach)	5*	*Tugadh cuireadh do Michael Cawley freastal a dhéanamh ar dhá cheann de na cruinnithe seo i rith na bliana 2019 ina cháiil mar chathaoirleach ainmnithe fad a bhí sé ag fanacht le ceadú foirmíúil ag an Oireachtas.
Seán Boland	2	
Francis Brennan	2	
Paul Carty	3	
Tom Coughlan	5	
Joseph Dolan	1	Cuireadh tús leis an gceapachán i mí Dheireadh Fómhair 2019
Stephen Dowling	1	Cuireadh tús leis an gceapachán i mí Dheireadh Fómhair 2019
Clare Duignan	5	
Tim Husbands	5	
Noel Kavanagh	2	Tháinig deireadh leis an gceapachán i mBealtaine 2019
Alice Mansergh	4	
Gina Murphy	2	Tháinig deireadh leis an gceapachán i mBealtaine 2019
Des O'Dowd	5	
Breege O'Donoghue	5	
Margaret E. Ward	4	

MICHAEL CAWLEY
Cathaoirleach



Tar éis dó dul ag obair le Ryanair i mí Feabhra 1997, bhí ról lárnach ag Michael i dtaca le tairiscint phoiblí thosaigh (IPO) na cuideachta i mBealtaine na bliana sin agus ghlac sé freagrachtaí breise chuige féin mar Stiúrthóir Tráchtala i Meán Fómhair 1997. Chomh maith leis sin, rinne Michael formhaoirseacht ar an obair a bhain le liostú a áirithíú ar Stocmhálatáin Londan i Meitheamh 1998. I mí Feabhra 2003, ceapadh Michael ina Phríomhoifigeach Oibriúcháin agus ina Leas-Phríomhfheidhmeannach.

Imíán Mhárta 2014, d'éirigh Michael asaról mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin agus mar Leas-Phríomhfheidhmeannach i Ryanair agus tháinig sé chun bheith ina chomhalta den Bhord i gcáil Neamhfheidhmiúcháin ar an 1 Bealtaine 2014. Chomh maith leis sin, ceapadh ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin é in Paddy Power Plc i mí Iúil 2013.

Is Cuntasóir Cairte é agus, roimhe seo, d'oibrigh Michael i roinnt tionscal eagsúil lena n-áirítear an tionscal dáileacháin agus an tionscal monaraíochta. Bhí sé i gceannas ar cheannach amach ag an lucht bainistíochta in Athlone Extrusions sa bhliain 1991 agus, sula ndeachaigh sé ag obair le Ryanair, bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais sa Gowan Group atá i measc na gcuideachtaí priobháideacha is mó dá bhfuil ann in Éirinn.

As Corcaigh ó dhúchas é, tá sé pósta agus tá ceathrar clainne air.

SEÁN BOLAND

Tá Seán ina Chomhúinéir ar Hertz Ireland agus, le 35 bliana anuas, tá sé ag obair san Earnáil Fruilithe Gluaisteán, ar cuid thábhachtach í de Thionscal na Turasóireachta. Thosaigh Hertz Ireland amach mar chuideachta dhúchasach agus tá rialú déanta acu ar oibríochtaí Hertz le 25 bliain anuas, agus sa lá atá inniu ann, tá brandáil fruilithe gluaisteán Hertz, Dollar, Thrifty agus Firefly á réachtáil acu ar oileán na hÉireann.

Tá eagraíocht Hertz ag spreagadh athruithe sa tionscal taistil trí thaisteal forleathan ar fud na cruinne le gnó nua a chruthú agus fás seasmhach a choimeád ar bun. Tá obair déanta ag Hertz, agus tá caidreamh dlúth acu, le formhór na n-eagraíochtaí a thugann turasóirí chun na hÉireann.

FRANCIS BRENNAN

Rugadh Francis, as an Park Hotel, Neidín, i mBaile Átha Cliath agus fuair sé oideachas i Scoil na hOllscoile Caitlicí, Sráid Liosáin. Bhain sé Ard-Diplóma amach sa Bhainistíocht Óstáin agus Lónadóireachta i gColáiste Bhaile Átha Cliath agus bhain sé B.Sc (Bainistíocht) amach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Tá sé bainteach le roinnt eagraíochtaí agus, is iar-uachtarán náisiúnta de chuid SKAL International é agus is iar-stiúrthóir de chuid Shannon Castle Heritage & Banquets é, agus, sa tréimhse 1994-97, ba é cathaoirleach Small Luxury Hotels of the World é. Faoi láthair, is é Comhairleoir SKAL International i leith na hÉireann é agus is láithreoir é ar chlár teilihise faoi chúrsaí aiochta dar teideal 'At Your Service' ar RTÉ agus, chomh maith leis sin, bionn sé ag roinnt a chuid saineolais ar chúrsaí aiochta ar chlár raidió a bhaineann le gach ní atá bainteach le haíocht. Chomh maith leis sin, tá trí leabhar móréilimh scríofa aige.

PAUL CARTY

Tá Paul Carty i gceannas ar an Guinness Storehouse ón tráth ar bunaíodh é agus chuaigh sé ag obair ansin mar Stiúrthóir Bainistíocha sa bliaín inar oscalaíodh é beagnach scór bliain ó shin. Faoi cheannaireacht Paul, tá méadú faoi shé tagtha ar lion na cuairteoirí ó lón níos lú ná 300,000 sa bliaín go dtí beagnach 1.8 milliún sa bliaín 2019. Chuir sé túis lena ghairmréim sa Storehouse sa bliaín 2000 nuair a d'fhill sé ar Bhaile Átha Cliath tar éis cuid mhór blianta a chaitheamh mar Bhainisteoir Ginearálta sa Forte Group agus in Le Meridian i mBaile Átha Cliath, i Londain, sa Bhairéin, i Singapór agus san Araib Shádach. Nuair a d'fhill Paul ar Éirinn chuaigh sé i gceannas ar oscailt an Guinness Storehouse.

Bhí ról an-tábhachtach ag Paul freisin maidir le forbairt na turasóireachta agus na haiochta in Éirinn. Ghníomhaigh sé mar chomhairleoir i leith cuid mhór tionscadal agus tionscnamh thar a bheith tábhachtach agus rannchuidigh sé le straitéis na hearnála a mhúnlú, go háirithe nuair a bhí sé ina Chathaoirleach ar ITIC (Cónaídhm Thionscal Turasóireachta na hÉireann), agus, mar bhall de bhord Fháilte Éireann, ba é Paul bunaitheoir AVEA (Association of Visitor Experiences and Attractions) ina bhfuil níos mó ná 105 bhall anois ar fud oileán na hÉireann. Ghníomhaigh Paul mar ambasadóir ar son na hÉireann agus thairiscintí aiochta na hÉireann le linn cuid mhór imeachtaí trádála turasóireachta thar lear agus tá sé i measc na bpearsantáí is mó a bhfuil aithne agus meas air thar lear i dtaca le réimse na turasóireachta in Éirinn de.

TOM COUGHLAN

D'éirigh Tom as a ról mar Phríomfheidhmeannach Chomhairle Contae an Chláir sa bliaín 2016 agus tá taithí fhairsing aige ar leibhéal sinsearach maidir le bainistíocht agus ceannaireacht san earnáil phoiblí. Le linn a shaoil oibre, d'oibrigh sé i roint údarás áitiúil agus tá páirt glactha aige i raon leathan forbairtí atá bainteach le forbairtí sa turasóireachta. Faoi láthair, tá sé ina Chathaoirleach ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus ceapadh é ina Stiúrthóir de chuid Eirgrid.

D'fhóin sé mar Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin sa Shannon Group PLC agus mar Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Údarás Aerfort na Sionainne. Tá Céim Bhaitsiléara ag Tom i Riarachán Poiblí mar aon le Deimhniú Gairmiúil i Rialachas Corparáideach agus tá an Clár Ceannaireachta d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha críochnaithe aige in Ollscoil Harvard. Chomh maith leis sin is ball d'Institiúid Stiúrthóirí na hÉireann é.

JOSEPH DOLAN


Tá taithí ag Joe ar an earnáil óstáin le níos mó ná 25 bliana agus is leisean an Bush Hotel, is é sin, maoin 3 réalta atá suite i gcroílár Chora Droma Rúisc agus is eisean a oibríonn an t-óstán sin. Tá 60 seomra leapa ann san óstán boutique sin agus tá sé ar na hóstáin is sine dá bhfuil ann in Éirinn agus tá aitheantas air go forleathan mar gheall ar a inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Is céimí de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, é agus tá PhD aige ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, mar aon le Dioplóma i Straitéis Turasóireachta ó Ollscoil Stáit Cornell. Tá baint ag an Uasal Dolan le fada an lá le is an turasóireacht i Liatroim, ba é príomhurraitheoir CLCC Liatroma é ar feadh thart ar 9 mbliana agus bronnadh gradam 'Príomhphearsa Liatroma na Blíana' air tráth. Rinne sé cuid mhór oibre i réimse na bainistíochta tionscadail sa Mheánoirtheas sular tháinig sé ar ais chuig an tionscal aíochta in Éirinn. Is Stiúrthóir Tionscadail é in Gunpowder Gin and the Shed Distillery Visitor Experience, is iar-Uachtarán Chónaighdmh Óstáin na hÉireann é agus tá iomrá air mar gheall ar a thacaíocht d'fhorbairt eacnamaíochta tuaithe, go háirthe trí bhithin turasóireacht inbhuanaithe chothromaithe.

STEPHEN DOWLING


Is é Stephen Leas-Uachtarán Domhanda Adidas i leith Cúrsaí Digiteacha, tá sé lonnaithe sa cheanncheathrú in Herzogenaurach, sa Ghearmáin, rugadh i mBaile Átha Cliath é agus tá BBS agus MSC aige o Margaocht ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Idir na blianta 2007 agus 2017, d'oibrigh sé do Unilever, bhí cónaí air i dtíortha éagsúla agus bhí poist cheannaireachta éagsúla aige i réimsí na ríomhchráctála agus na ndíolachán, agus sa réimse digiteach agus i réimse na múnlai nua gnó. Tá dioplóma ardchláir bainistíochta ag Stephen ó M.I.T., mar aon le dioplóma nuálaíochta corporáidí ó Stanford Graduate School of Business, agus, i mí an Mheithimh 2019, chríochnaigh sé clár forbartha feidhmiúchán Adidas in Harvard Business School.

CLARE DUIGNAN


Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í Clare agus tá taithí seomra boird agus feidhmiúcháin aici ar fud na n-earnálacha priobháideacha, poiblí/stáit agus seachbhhrabúsacha. D'éirigh thar cionn léi mar léiritheoir raidió agus teilifise le RTÉ, áit ar oibrigh sí mar Cheann Léiriúchán Neamhspleách agus mar Stiúrthóir Clár Teilihise ó 2001-2009. Mar Stiúrthóir Bainistíochta Raidió RTÉ 2009-2013, thug sí aghaidh ar dúshláin shuntasacha ioncaim tríd an ngón a laghdú, trí shruthanna nua ioncaim a fhás agus trí thionscnamh straitéiseacha margaochta, brandála agus cumarsáide a thabhairt isteach ar fud na stáisiún agus gceolfhoirne ar fad.

Faoi láthair, fóann sí ar bhoird an Irish Times DAC, Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh, Business to Arts, Women for Election, agus, le gairid, ceapadh í mar lontaobhai de chuid Leabharlann Chester Beatty. Roimhe seo, d'fhón Clare ar Údarás Craolacháin na hÉireann, mar Chathaoirleach ar Bhord Comhairleach ShinAwil Film and Television, ar an gComhairle Ealaíon agus ar Fhéile Scannán Idirnáisiúnta Audi Bhaile Átha Cliath. Tá Clare ina Príomhfhiontraí de chuid chlár Fhiontraíoch Éireann do bhanfhiontraithe darb ainm 'Going for Growth'.

TIM HUSBANDS


Ó mhí Eanáir go dtí mí lúil 2018, bhí Tim ina Phríomhfeidhmeannach i dTeach agus Eastát Chathair na Mart, agus in Óstán Chathair na Mart, is é sin le rá óstán ceithre réalta agus eastát 400 acra agus teach maorga ar chósta thiadair na hÉireann. Roimhe sin, bhí Tim ina Phríomhfeidhmeannach in Titanic Belfast Ltd, is é sin le rá, an chuideachta oibriúcháin do Titanic Belfast, an Taitneamhacht Cuairteora is mó ar domhan a bhaineann leis an Titanic.

D'fhón Tim ar bhord Visit Belfast (Gníomhaireacht Mhargaochta Turasóireachta), ar feadh beagnach fiche bliain agus, le trí bliana anuas, tá sé ag fónamh mar Leas-Chathaoirleach ar an Irish Football Association Stadium Board, agus ar ALVA (Association of Leading Visitor Attractions). Bhronn A.M. an Bhanríon Eilís gradam ar Tim ina liosta Gradam Blíana Nua i mí Eanáir 2014, tráth ar bronnadh MBE air i leith Seirbhísí i ndáil le Forbairt Eacnamaíochta agus Turasóireacht.

NOEL KAVANAGH

Fuair Noel a chuid oideachais in Crescent College, Luimneach, agus fuair sé oiliúint mar bhainisteoir le Penneys/Primark.

Is É Úinéir/ Cathaoirleach an Kavanagh Group é ó bhí an bliain 1979 ann - oibríonn an grúpa sin 16 Shármhargadh Supervalu ar fud na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe. Ina theannta sin, is é Noel Úinéir/Oibritheoir Óstán Wyatt i gCathair na Mart, Co. Mhaigh Eo (ó bhí an bliain 1995 ann) agus is é Cathaoirleach Amharclann Halla na Cathrach i gCathair na Mart é.

Alice Mansergh

Tá Alice ina stiúrthóir in Google, agus díríonn sí ar chuidiú le gnóthaí agus le tionscail déanamh go maith sa ré dhigiteach. Margaocht an cúra atá aici: thug sí isteach tárgí Google, agus chuir sí Tárgí Google chun cinn, amhail Google Chrome, Android agus Google Maps, ar tárgí iad a mbaineann na milliúin duine úsáid astu san Eoraip, sa Mhéánoirthear agus san Afraic. D'fhóin Alice mar cheann foirne éagsúla i Londain, i mBaile Átha Cliath agus in Hyderabad.

Le déanaí, tháinig sí abhaile chun na hÉireann áit a rinne sí compháirtíocht le Clár Choithrom Céad Bliain an Rialtais i leith Éíri Amach na Cásca 1916 chun 'Dublin Rising' a chruthú, is é sin, turas ar líne atá ar fáil ar fud an domhain agus is é Colin Farrell an tráctaire. Is breá le Alice dul i mbun taistil in Éirinn; mar mhí na meala, thug sí faoi thuras trí seachtaine feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin i veain champála VW.

GINA MURPHY

Is í Gina Dílseánach agus Bainisteoir Ginearálta Bhialann Hugo i mBaile Átha Cliath agus, roimhe seo, bhí bialanna aici in Uíbh Fhaillí agus i Maigh Eo agus, chomh maith leis sin, rinne sí bainistíocht ar na bialanna sin. Is ball de Chumann Bhialanna na hÉireann (RAI) í agus d'fhóin Gina mar Uachtarán agus mar Leas-Uachtarán ar an eagraiocht sin. Chomh maith leis sin, d'fhóin Gina mar bhall de Choiste Bainistíochta agus Stiúrtha an RAI ar feadh tamall maith de bhlianta.

Chomh maith leis sin, bhí Gina ina hlonadaí Fostóirí ar an gComhchoiste Oibreacais (JLC) um Lónadóireacht agus, freisin, d'fhóin sí mar hlonadaí na hÉireann in HOTREC - an Grúpa Stoaireachta Eorpach do thionscal na nÓstán, na mBialann agus na gCaiféanna atá lonnaithe sa Bhruiséil. Chomh maith leis sin, is minic a labhraíonn Gina os comhair cumainn éagsúla tráchtála agus tionscail mar aoichtainteoir - lena n-áirítear Fóram Turasóireachta Pharlaimint na hEorpa i Liospón sa bhliain 2009.

BREEGE O'DONOGHUE

Bhí Breege ina Comhalta Boird & ina Stiúrthóir Grúpa (Forbairt Gnó agus Margáí Nua) in Primark, agus i ndiaidh 37 mbliana tá ról ambasadóra aici anois, is iontaobhai de chuid Primark Better Lives Foundation í agus is iontaobhai de chuid Primark Pension Plan í chomh maith.

Bhain Breege céim amach in UCD, is Stiúrthóir Cairte í agus is í Cathaoirleach Real World Analytics í faoi láthair, is í Cathaoirleach an Design and Crafts Council of Ireland í, is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin de chuid Shaw & Sons Ltd í, is Comhalta Boird de chuid Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit í, agus is comhalta í den Bhord um Cheapacháin Sheachtracha (Cód Caighdeán agus lompair na Státseirbhise).

Cheap an Rialtas Breege chuig roinnt post ar bhord roinnt cuideachtaí stáit, lena n-áirítear An Post, Aer Rianta, Cathaoirleach ar Choláiste Bainistíochta Óstán na Sionainne, Cathaoirleach ar an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreacais, agus ba iontaobhai agus Comhalta Comhairle í in IBEC.

DES O'DOWD



Is é Des Úinéir agus Oibritheoir Lóiste & Spá Oileán Inse Duine i gCloich na Coillte, Iarthar Chorcaí, (ó bhí an bliain 1998 ann).

Is Ánra é de chuid Institiúid na gCuntasóirí Caire in Éirinn agus tá cálíochtaí iarchéime aige i Margaocht, i mbainistíocht agus i gCeannaireacht ón Institiúid Margaochta, ó UCC, ó Ollscoil Cornell agus ó Institiúid Timoney. Le 20 bliain anuas, tá baint ag Des le roinnt óstán in Éirinn agus san Eoraip a forbairt agus a oibriú agus le húinéireacht a ghlacadh orthu.

MARGARET E. WARD



Is fiontraí, iriseoir agus craoltóir í Margaret. Tá sí ina Príomhfheidhmeannach ar Broadly Speaking, ar cuideachta comhairleoireachta í a dhéanann speisialtóireacht i straitéis, i nuálafocht agus i gcumarsáid chorparáideach agus i gcultúr ilchineálacha uilechuimsitheacha a chruthú. I measc na gcliant áiritear: Google, an Banc Ceannais Eorpach, Kellogg, Accenture, KPMG, Cartier Women's Initiative Awards, Arthur Cox, IDA Ireland, Chartered Accountants Ireland, Twitter, Fondúireacht Eolaiochta na hÉireann agus cuid mhór cliant eile.

Is ball de bhord RTÉ í (2015-2020) agus, roimhe seo, d'fhón sí ar bhord European Movement Ireland (2013-2015). Sa bhliain 2010, bhunaigh sí 'Women on Air', is é sin, cuideachta sheachbhhrabúsach, chun éagsúlacht níos mó a chinntí i measc guthanna saineolacha sna meáin. Sular thosaigh sí a céad ghnó in Éirinn sa bhliain 2006, d'oibrigh Margaret mar iriseoir airgeadais ar feadh beagnach scór bliain. Ba cholúnaí gnó agus tuairisceoir imscrúdaitheach í don Irish Times, bhí sí ina hEagarthóir Airgeadais don Sunday Times agus bhí sí ina láithreoir gnó in Newstalk. Tá sí ina rannpháirtí rialta i gcláir RTÉ, TV3, BBC agus NPR (USA) a bhaineann le saincheisteanna gnó agus eacnamaiochta.


“...oibríonn Fáilte Éireann go comhoibríocht mar chuid de thionscnamh straitéiseach turasóireachta maidir le hinbhuanaitheacht de réir mar atá molta i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Turasóireacht 2019-2021...”



Bantry House & Gardens, Bantry, Co. Cork

Struchtúr na Rannán

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019



Figiúirí Turasóireachta 2015 - 2019

LÍONTA (000S) Ioncam (€m)	2015	2016	2017	2018	2019	Athrú mar % ar 19p i gcomparáid le 18
An Bhreatain	3,346	3,632	3,445	3,480	3,487	0.2%
	1,017.9	1,109.8	1,046.5	1,024.8	1,022.1	-0.3%
Mórthír na hEorpa	2,880	3,102	3,256	3,512	3,609	2.8%
	1,555.3	1,657.5	1,763.0	1,845.8	1,853.6	0.4%
Meiriceá Thuaidh	1,294	1,477	1,715	1,963	1,902	-3.1%
	1,199.7	1,337.4	1,525.5	1,746.7	1,705.7	-2.3%
An Chuid Eile den Domhan	516	531	607	654	676	3.4%
	492.6	533.3	588.9	599.9	592.5	-1.2%
Líon Iomlán ó Áiteanna Thar Lear	8,036	8,742	9,023	9,609	9,674	0.7%
	4,265.3	4,638.0	4,923.9	5,217.3	5,174.0	-0.8%
Tuaisceart Éireann ^{1,2}	1,492	1,358	1,315	1,338	1,277	-4.6%
	338.2	366.9	371.3	394.6	402.0	1.9%
Caiteachas iomlán ag cuairteoirí as áiteanna lasmuigh den Stát	9,528	10,100	10,338	10,947	10,951	-
	4,603.5	5,004.9	5,295.2	5,611.9	5,576.0	-0.6%
Fáltais ionpróiri ³	1,322.0	1,487.0	1,611.0	1,725.0	1,766.0	2.4%
Cuaireanna aon lae as áiteanna thar lear	38.0	48.0	53.0	47.0	44.0	-6.4%
Tuilleamh iomlán ó Mhalaírt Airgeadra	5,963.5	6,539.9	6,959.2	7,383.9	7,386.0	-
Turais intíre ^{4,5,6}	9,125	9,359	9,626	10,919	11,621	6.4%
	1,725.3	1,797.7	1,879.1	2,006.0	2,146.6	7.0%
Ioncam iomlán ón Turasóireacht	7,688.8	8,337.6	8,838.3	9,389.9	9,532.6	1.5%
Ioncam ón Turasóireacht, gan Fáltais ionpróiri a áireamh	6,366.8	6,850.6	7,227.3	7,664.9	7,766.6	1.3%

1. Sonrai 2015 arna n-athbhreithniú ag NISRA sa bhliain 2016

2. NISRA GBP: Is in STE a thugtar sonrai faoi chaiteachas ag cónaitheoirí de chuid Thuaisceart Éireann.
0.87777 a bhí sa ráta malaire don Euro sa bhliain 2019 Foinse: Banc Ceannais na hÉireann

3. Sonrai 2016 arna n-athbhreithniú ag CSO i mí na Nollag 2018

4. Sonrai intíre 2015 arna n-athbhreithniú de bharr cur chuige nua modheolaíochta an CSO, Lúnasa 2016

5. Sonrai intíre 2016 arna n-athbhreithniú ag CSO i mí na Nollag 2017

6. Is tortháil eatramhacha iad tortháil 2018 agus 2019, bunaithe ar choigeart staitistiúil ar shonrai a cuireadh túis leis in 2018 agus d'fhéadfadh sin a bheith faoi réir athbhreithníthe
Foinsí: CSO, Fáilte Ireland and TSB, NISRA



The Merrion Hotel, Dublin City Centre



FÁILTE IRELAND'S
LOCAL EXPERTS
PROGRAMME

Ráiteas maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2019

I bPlean Fháilte Éireann maidir le hInbhuanaitheacht 2019, luadh nach raibh sé chomh tábhachtach céanna riamh go ndéanfaí coimircí agus fás rathúil earnáil turasóireachta na hÉireann a bhunú ar chur chuige inbhuanaithe cothromaithe. Tá ról ag cosaint an chomhshaoil, ag iomaiochas eacnamaíochta agus ag feasacht agus ranpháirtíocht an phobail agus na gcuaireoirí a mhéid a bhaineann le leis an gcur chuige sin a chur i bhfeidhm agus le tairbhe a fháil uaidh.

Tá cuspóirí straitiseacha foriomlána Fháilte Éireann i leith na hearnála turasóireachta i gcomhréir leis an mBeartas Idirnáisiúnta agus le Beartas an Rialtais i ndáil le Forbairt Inbhuanaithe, agus tá spriocanna soiléire ann maidir le méadú a dhéanamh, ar bhealach inbhuanaithe, ar an ioncam ón turasóireacht, ar líon na gcuaireoirí agus ar an bhfostaíocht san earnáil trí bhíthin mhúnla VOICE i leith turasóireacht inbhuanaithe (Visitor/Cuaireoir, Organisation/Eagrúchán, Industry/Tionscal, Community/Pobal agus Environment/Comhshaol).

Baineann Fáilte Éireann leas as múnla VOICE i ndáil lenár ngníomhaiochtaí agus lenár n-aschuir go léir, go hinmheánach mar eagraíocht agus go seachtrach i dtaca lenár ndualgais mar Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta.

FORLÉARGAS AR ÚSÁID FUINNIMH SA BHLIAIN 2019

Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí 381 duine ar fostú i bhFáilte Éireann (sin méadú 40 ó bhí an 31 Nollaig 2018 ann) agus bhí freagrácht air i ndáil le húsáid fuinnimh i 41 áitreabh. I measc na n-áitreabhaí sin áiríodh iad seo a leanas:

- 8 n-oifig riarracháin
- 23 ionad faisinéise do chuaireoirí a bhíonn oscailte an bliain ar fad (TIC-anna); tá oifigí riarracháin ann in dhá cheann acu freisin
- 5 cinn de TIC-anna séasúracha (ar oscailt 7-8 mí sa bliain)
- 3 mhúsaem
- 2 mhaoin fholhma
- 2,869,077 kWh leictreachais
- 570,474 kWh breosláí (iontaise) teirmeacha
- 425,429 kWh gáis
- 145,044 kWh olaí téite

Ba é a bhí inár TPER sa bhliain 2018 ná 3,594,718 kWh. Léiríonn figír na bliana 2019 laghdú 115,168 kWh i gcomparáid leis an mbliain 2018, nó sábháil 4.3% ó bhliain go chéile.


Nuar a fhéachtar siar ar an méid fuinnimh a d'úsáid Fáilte Éireann sa bhonnbhliain, is é sin, 2009, ba é a bhí in TPER Fáilte Éireann ná 7,287,788 kWh. Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil le laghdú a dhéanamh ar an méid fuinnimh a úsáideann an eagraíocht agus i ndáil le méadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh. Nuair a dhéantar comparáid idir TPER 3,439,550 kWh sa bhliain 2019 agus TPER 7,287,788 kWh sa bhliain 2018 tá sábháil TPER 52.8% bainte amach againn. Nó má fhéachann tú ar an méid deiridh iomlán fuinnimh a d'úsáideamar sa bhliain 2019, is é sin, 2,008,836 kWh, bhí an méid fuinnimh a d'úsáideamar 45.6% níos lú ná an méid a úsáideadh sa bhliain 2009.

Sa bhliain 2019, Ba é a bhí in TPER Fáilte Éireann ná 3,439,550 kWh inar cuimsíodh na méideanna seo a leanas:


Mar thoradh ar na laghduithe sin táimid go mór chun tosaigh ar an sprioc don bhlain 2020, mar atá, laghdú 33% ar úsáid fuinnimh mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2009-2020 agus táimid i ríocht maith i dtaca le spriocanna 2030 a bhaint amach mar atá leagtha amach sa Phlean maidir le Gníomhú ar son na hAeráide 2019.

Ar bhonn anailís ar ár n-astaíochtaí CO₂ ó bhí an bhlain 2009 ann, ba é a bhí na n-astaíochtaí a raibh baint acu le húsáid fuinnimh ná 1,710,334 kgCO₂, i gcomparáid le 616,969 kgCO₂ sa bhlain 2019, is é sin le rá laghdú 63.9% nó, os a choinne sin, b'ionann ár gcuid astaíochtaí carbóin sa bhlain 2019 agus 36.1% dár n-astaíochtaí sa bhlain 2009.

BUNRIACHTANAIS IOMLÁNA FUINNIMH (TPER) FHÁILTE ÉIREANN



ASTAÍOCHTAÍ CARBÓIN FHÁILTE ÉIREANN



GNÍOMHARTHA A RINNEADH SA BHLIAIN 2019

Mar atá luaite thus, úsáideann Fáilte Éireann Múnlá VOICE inár gcuid tionscnamh agus infheistiochtáí go léir. Is fior sin freisin nuair a bhíonn trealamh/crua-earraí á n-athnuachan laistigh den eagraíocht. Seo a leanas roinnt tionscnamh den sórt sin a cuireadh i gcrích sa bhlain 2019:

- Mar thoradh ar athnuachan chrua-earraí TFC áirithe, meastar gur sábháladh 919 kWh leictreachais sa bhlain
- De bharr uasghráduithe shoilse LED, baineadh sábháil mheasta 8,973 kWh leictreachais sa bhlain
- Trí laghdú a dhéanamh ar lorg ár maoine agus trínár nlonad Faisnéise do Thurasóirí i gCill Chainnigh a athlonnú i Ráithe 3 den bhlain 2019 chuig láithreán a d'fhoir níos fearr do chuspóir an ionaid sin, is é a bheidh sa ghlantairbhe ná sábháil leictreachais os cionn 20,000 kWh sa bhlain.
- Oibríonn Fáilte Éireann córas bainistithe dramhaíola forásach. De réir an Phlean Gníomhaíochta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (REAP), measann an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíthe ar son na hAeráide & Comhshaoil gurb ionann an meánmhéid dramhaíola a ghintear in aghaidh gach duine ar leith den fhóireann ná 126 kg in aghaidh na bliana + lamháltas 92kg in aghaidh an duine i gcás ceaintín. Sa bhlain 2019, ghní Fáilte Éireann 50.147 tona dramhábhair inár láithreán ar fad, rud a d'fhág gurbh é a bhí sa mheánmhéid in aghaidh an bhaill foirne ná 131.6 kg (123.5 kg nuair a chuirtear conraitheoirí ar an láthair san áireamh), atá tá na figiúirí sin go mór faoi bhun an tagarmhairc atá ann. Maidir leis na 50.147 tona dramhaíola sin, rinneadh 46.410 tona de (nó 92.55%) a atreorú ó lónadh talún, agus athchúrsáladh agus athchuspóiríodh í. Ní dhearnadh ach 3.734 tona de (7.45%), nó 9.8 kg in aghaidh an bhaill foirne, a chur isteach i lónadh talún.

I bhFáilte Éireann, baineann inbhuanaitheacht le níos mó ná laghdú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus méadú a dhéanamh ar eifeachtúlacht. Tá an geilleagar ciorclach thar a bheith tábhachtach i gcónai i dtaca le hearnáil inbhuanaithe turasóireachta agus earnáil phoiblí inbhuanaithe a áirithíú:

- Mar an gcéanna, déanann an eagraíocht faireachán dlúth ar an méid uisce a úsáidtear agus déantar tionscnaimh chaomhantais a shaothrú go gníomhach. De réir Threoir REAP, tá tagarmharc 8.8 m³ in aghaidh an duine ann i dtaca le húsáid uisce in aghaidh na bliana de (agus ceaintín san áireamh). Ba é a bhí san úsáid iomlán uisce sa Cheannoifig i mBaile Átha Cliath sa bláthain 2019 ná 1,888.4 m³ agus ba é a bhí san úsáid in aghaidh an duine ná 7.55 m³.
- Cuireann foireann soláthair Fháilte Éireann inbhuanaitheacht agus soláthar glas san áireamh i gcónaí mar chuid de phróisis measúnaithe is cuma cé acu i dtaca le critéir maidir le roghnúcháin nó critéir maidir le dámhachtaín atá i gceist, agus sin ag brath ar an gcineál seirbhísí/soláthairtí atá ag teastáil. Tá freastal déanta ag ár bhfoireann soláthair ar sheisiúin faisnéise maidir leis an ábhar sin.
- Sa bláthain 2019, chuir Fáilte Éireann mír oideachais maidir le feasacht ar dhramhaíl agus ar fhuinneamh san áireamh mar chuid den phróiseas ionduchtúcháin do gach ball foirne nua/do chonraitheoirí.
- I mí an Mheithimh 2019, i gcomhthráth leis an tSeachtain Náisiúnta maidir le Stop a Chur le Diomait Bia, rinne Fáilte Éireann Ceardlann an EPA maidir le Stop a chur le Diomait Bia a chur chun cinn agus a óstáil.
- Tá Fáilte Éireann tiomanta i leith tacú leis an bPlean maidir le Pailneoirí: Creat do Ghnótháí i leith tionscnaimh bhithéagsúlachta a chur chun cinn agus a mhéadú in eagraíochtaí.

GNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE DON BLÁTHAIN 2020

Bíonn tionchar marthanach ag gach gníomh is cuma cé chomh beag nó cé chomh móra atá siad. Tá sé beartaithe ag Fáilte Éireann an méid seo a leanas a dhéanamh sa bláthain 2020:

- Trealamh cistine tárgthe a athnuachan: aonad 18 kW a chur in ionad domhainfhriochtaí 30 kW amháin agus sábháil mheasta leictreachais 8,640 kWh sa bláthain a bhaint amach dá bharr sin
- Mar thoradh ar athnuachan chrua-earraí TFC eile, meastar go nginfeár sábháil 4,322 kWh leictreachais sa bláthain
- Tá breithniú á dhéanamh maidir le huasghrádú mórscaíle soilse LED sa Cheannoifig i mBaile Átha Cliath agus d'fhéadfadh an tionscadal sin sábháil leictreachais os cionn 75,000 kWh a bhaint amach in aghaidh na bliana.
- Oifig riarracháin nua i nGaillimh a athlonnú agus a athfheistiú i Ráithe 1 den bláthain 2020 - beidh an t-athfheistiú nua thírithe ar shábháil fuinnimh agus ar éifeachtúlacht fuinnimh e.g. soilse LED.
- Mar chuid den athfheistiú ar an 1ú hurlár dár n-oifig riarracháin ar Shráid an Teampaill, Sligeach, beidh roinnt tionscnamh ann a bheidh thírithe ar chúrsaí fuinnimh: soilse LED agus suiteáil eagair grianccheall (PV) 2.48 kWp chun méid measta 2,018 kWh a ghiniúint in aghaidh na bliana a ghiniúint (8.4% d'úsáid leictreachais na bliana 2019).
- Mar atá lúaithe thus, is trí athruithe a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm a bhaintear inbhuanaitheacht amach agus sa bláthain 2020 déanfar an méid seo a leanas:
- Déanfaidh Fáilte Éireann a chuid beart soláthair ghlaibh a mhéadú tuilleadh lena chinntí go mbeidh inbhuanaitheacht chun tosaigh i gcónaí mar chuid de na próisis soláthair iomchuí
- Cuirfear túis le soláthar pointí luchtaithe feithicí leictreacha agus le cur i bhfeidhm an chláir ginte PV gréine
- Is cás le Fáilte Éireann an comhshaol. Cabhróidh foireann ghlas na heagraíochta le méadú a dhéanamh ar eolas na mball foirne ar chaomhnú fuinnimh, ar inbhuanaitheacht agus ar bhithéagsúlachta. Déanfar roinnt clár a bhaineann le feasacht ar fhaisnéis a thabhairt isteach i rith na bliana 2020, mar shampla, GIY, bithéagsúlachta, malairtí saor ó phlaisteach, caomhnú fuinnimh agus ábhair nach iad.

Oibríonn Fáilte Éireann go comhoibríocht mar chuid de thionscnamh straitéiseach turasóireachta maidir le hinbhuanaitheacht de réir mar atá molta i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Turasóireacht 2019-2021. Déanann an grúpa oibre uileghabháilach, ar a bhfuil ionadaithe ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ó Fáilte Éireann, ó Thurasóireacht Éireann, ó Tourism Northern Ireland agus ó Chónaighm Thionscal Turasóireachta na hÉireann (ITIC), athbhreithniú ar bheartais agus ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta i ndáil le turasóireacht inbhuanaithe agus molann siad treoirphrionsabail i leith turasóireacht inbhuanaithe a forbairt in Éirinn.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Don Bhliain dar Críoch
an 31 Nollaig 2019



Wicklow Head Lighthouse

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis

Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (an tÚdarás) nó Fáilte Ireland mar a thugtar air faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003 le héifeacht an 28 Bealtaine 2003. Tá córas rialachais corporáide glactha ag Fáilte Ireland de réir dea-chleachtais.

Is Údarás Reachtúil é a bunaíodh faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003. Leagtar amach bunú, feidhmeanna agus freagrachtaí an Údaráis i gCuid 2 den Acht.

An tAire lompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann an tÚdarás agus Cathaoirleach an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (NTDA), a dhéanann ionadaíocht ar an Stát mar scairshealbhóir de facto an NTDA.

Dualgais an Údarás

- Rinne an tÚdarás freaghrachaí oibre i dtaobh Fáilte Ireland a réachtail ó lá go lá a tharmligean ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an bhfoireann bainistíochta. Ní dhéantar an dualgas atá ar an
- Údarás maoiriú a dhéanamh go bhfuil feidhmeanna tarmligthe á gcomhlionadh a mhaithseamh don Údarás ar chumhacht an tarmligin a chleachtadh.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht - fuair an tÚdarás tuarascálacha rialta ó fhoireann bainistíochta an chomhlachta agus ó fhochoistí an Údaráis.
- Thug an tÚdarás comhairle agus tacailocht don Chathaoirleach, don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don Bhainistíochta.
- Shásaigh an tÚdarás é féin go bhfuil córais rialuithe airgeadais agus córais bainistíochta riosca dian agus inchosanta i bhfeidhm.
- Tá freaghracht ar an Údarás as a chinntí go ndéanfar córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Iarrtar ar an Údarás a dheimhniú don Aire cuí gach bliain go bhfuil córas oiriúnach rialaithe inmheánaigh (agus airgeadais) i bhfeidhm ag an gcomhlacht Stáit.
- Bhunaigh an tÚdarás, tríd an gCoiste Iníúchóireachta, Riosca agus Clárúcháin, nósanna imeachtaí chun an caidreamh cuí a choinneáil leis na hiniúchóirí seachtracha. Cé gur féidir le hÚdarás Comhlachta Stáit Coiste Iníúchóireachta agus Riosca a bhunú chuncuidíú le saincheisteanna a bhaineann le hiniúchóireacht, rialachas agus bainistíochta riosca a bhreithniú, is ar Údarás an Chomhlachta Stáit atá an fhreagracht maidir leis na cintí deiridh sna réimsí seo agus as cintí deiridh sna réimsí sin a dhéanamh.
- Coinníonn an tÚdarás é féin ar an eolas go hiomlán maidir le saincheisteanna straitéiseara agus athruithe a mbeadh tionchar acu ar an gcomhlacht Stáit agus an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé.
- Chinntigh an tÚdarás go bhfuair comhaltaí neamhfheidhmiúcháin, arna gceapadh chuig an Údarás, litir fhoirméalta ceapacháin ina leagtar amach go soiléir a bhfuiltear ag súil uathú i dtaobh a gcuid ama, tiomantais, seirbhís do choiste agus rannpháirtíocht lasmuigh de chruinnithe Údaráis.
- Feadfaidh an tÚdarás, ó am go ham, coisti Údaráis den chineál sin a bhunú de réir mar is gá chun cuidíú leis a chuid dualgas a chur i bhfeidhm.

Freaghrachaí an Údaráis

Ceanglaítear ar an Údarás faoi Alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003 ráitis airgeadais a ullmhú sa bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, élítéar ar an Údarás:

- beartais chuntasáiochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus ciallhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oriúnach glacadh leis go leanfaidh Fáilte Ireland ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasáiochta infheidhmithe a nochtdadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freaghrach as taifid leordhóthanacha chuntais a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntí go gcomhlionann na Ráitis Airgeadais Alt 27 den Acht. Tá an tÚdarás freaghrach chomh maith as sócmhainní Fáilte Ireland a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlaicadh chun calaois nó mírialtacthaí a chosc agus a bhrath agus as sláine aon fhaisnéis airgeadais a fhoilsítear ar láithreán gréasáin an NTDA agus í a choinneáil. Is í an Tuarascáil Bhliantúil an t-aon tuarascáil airgeadais a fhoilsítear ar láithreán gréasáin an NTDA agus cinnteoidh an tÚdarás go ndéanfar an tuarascáil seo a athbhreithniú agus a cheadú sula ndéanfar í a fhoilsíú ar an láithreán gréasáin.

Is é an tÚdarás atá freaghrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht phleán agus buiséad bliantúil 2019 an NTDA i mí Feabhrá 2020.

Leagtar amach i dTéarmaí Tagartha obair agus freagrachtaí an Údarás chomh maith le nithe a fhorchoimeádtar go sonrach do chinneadh Boird. I measc na mbuan-nithe a bhreithníonn an tÚdarás, tá:

- dearbhú leasanna
- miontuairisci ó chruinnithe roimhe seo agus nithe ag éirí as
- tuarascálacha ón bhfoireann bainistíochta/tuarascálacha Feidhmíochta

- tuarascálacha agus moltaí ó choistí
- tuairisciú airgeadais
- Rialachas corporáideach a chomhlíonadh
- nithe forchoimeádta

Measann an tÚdarás go dtugann ráitis airgeadais an NTDA léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an NTDA amhail an 31 Nollaig 2019.

Struchtúr an Údaráis

Tá an tÚdarás comhdhéanta de Chathaoirleach agus dá ghnáthchomhulta déag atá neamhspleách ar chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin an Údaráis. Ní bhíonn comhaltaí in oifig ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana agus is féidir iad a athcheapadh téarma amháin eile ar a mhéad.

	DÁTA A CEAPADH	DÁTA AR ÉIRÍODH AS
Michael Cawley (Chair)	Athcheaptha le héifeacht ón 11/10/2019	17/05/2019
Francis Brennan	Athcheaptha le héifeacht ón 28/05/2018	
Noel Kavanagh	Athcheaptha le héifeacht ón 30/06/2015	27/05/2019
Gina Murphy	Athcheaptha le héifeacht ón 30/06/2015	27/05/2019
Séan Boland	Athcheaptha le héifeacht ón 10/05/2019	09/05/2019
Paul Carty	Athcheaptha le héifeacht ón 10/05/2019	09/05/2019
Alice Mansergh	04/07/2018	
Margaret E. Ward	04/07/2018	
Des O' Dowd	04/07/2018	
Clare Duignan	04/07/2018	
Breege O' Donoghue	04/07/2018	
Tom Coughlan	04/07/2018	
Tim Husbands	04/07/2018	
Stephen Dowling	03/10/2019	
Joseph Dolan	03/10/2019	

I mí Feabhra 2020 rinne an tÚdarás measúnú ar a fheidhmíocht agus ar fheidhmíocht a chuid coistí agus tá sé beartaithe aige athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar éifeachtacht agus measúnuithe an Bhoird in 2020 atá le cur i gcrích in 2020.

Tá na fochoistí seo a leanas bunaithe ag an Údarás:

- An Coiste Iniúchóireachta, Riosca & Clárúcháin atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus ar a laghad beirt chomhaltaí eile, ar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin de chuid an Údaráis iad ar fad.
- An Coiste Luach Saothair atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus ar a laghad beirt chomhaltaí eile, ar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin de chuid an Údaráis iad ar fad.
- An Coiste Féilte agus Imeachtaí Cultúir, atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus ar a laghad beirt chomhaltaí eile, ar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin de chuid an Údaráis iad ar fad.
- An Coiste Infheistíochta, atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus ar a laghad beirt chomhaltaí eile, ar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin de chuid an Údaráis iad ar fad.

Leagtar amach sonraí an mhisin shonraigh, comhdhéanamh, údaráis agus freagrachtaí na gCoistí sin i dTéarmaí Thagartha an Choiste, atá ceadaithe ag an Údarás.

Sceideal Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh orthu

	ÚDARAS	INIÚCHADH, RIOSCA AGUS CLÁRÚCHÁIN	AN COISTE LUACH SAOTHAIR	FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ CULTÚIR	AN COISTE INFHEISTÍOCHTA
	2019	2019	2019	2019	2019
Michael Cawley (Chair)	3*			2	3
Francis Brennan	2				
Noel Kavanagh	2				2
Gina Murphy	2	2			
Séan Boland	2				3
Paul Carty	3			1	
Alice Mansergh	4				4
Margaret E. Ward	4	5			
Des O' Dowd	5	5			
Clare Duignan	5	5			
Breege O' Donoghue	5			3	
Tom Coughlan	5				4
Tim Husbands	5			3	
Stephen Dowling	1				
Joseph Dolan	1				

* D'fhreastail Michael Cawley ar dhá chruinniú breise le linn na bliana 2019 ina cháilíocht mar chathaoirleach ainmnithe.

An Coiste Luach Saothair

Níor tionóladh aon chruinniú de chuid an Choiste Luach Saothair le linn na bliana 2019 mar go ndearna an tÚdarás gnó an Choiste a phlé ag a gcuinniú.

Táillí a íocadh le Comhaltaí an Údarás don tréimhse (féach nota 12 de na Ráitis Airgeadais)

Athruithe ar Phríomhphearsana

Ceapadh Stiúrthóir Forbartha Tionscail nua i mí Dheireadh Fómhair 2019. Tá na sonraí le fáil i nota 8 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Léirítear athruithe i gcomhaltaí an Údarás ar leathanach 4 den Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí An Údarás faoi Struchtúr an Údarás.

Faisnéis a éilítear a nochtadh de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

An tÚdarás atá freagrach as a chinntí gur chomhlíon Fáilte Ireland ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, arna fhoilsíú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.

Tá na nochtuithe seo a leanas riachtanach faoin gCód:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe (féach nota 8 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais)

Costais Chomhairleoireachta (féach nota 11 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais)

Costais agus Socrúcháin Dlí

Níor tabhaíodh aon chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe ar chostais dlí, ar nósanna imeachta socrúcháin ná eadráin ná idir-réitigh a bhain le conarthaí le tríú páirtithe. Déantar caiteachas a tabhaíodh i leith comhairle ghinearálta a fuair Fáilte Ireland a nochtadh mar chuid de chostais chomhairleoireachta (féach nota 11 a ghabhann leis na ráitis airgeadais).

Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil (féach nota 9 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais)

Caiteachas ar Fháilteachas (féach nota 10 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais)

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an Údarás agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntí. Chloígh Fáilte Ireland go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú don blhain 2019.



Michael Cawley
Cathaoirleach Comhalta Údarás

July 31, 2020



Des O'Dowd
Comhalta Údarás

July 31, 2020

An tArd-Reachtaire

Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta

Tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais chomhdhlúite an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 faoi réir fhorálacha alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa RA agus in Éirinn agus atá comhdhéanta de*

- ráiteas an ghrúpa ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar chúlchistí coinnithe ioncaim
- ráiteas an ghrúpa ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas an ghrúpa ar an staid airgeadais
- ráiteas an Údaráis ar an staid airgeadais
- ráiteas an ghrúpa ar athruithe ar ghnáthscaireanna
- ráiteas an ghrúpa ar shreabhadh airgid agus
- na notaí goaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim, ach amháin i gcás neamhchomhlíonadh leis na ceanglais FRS 102 maidir le haitheantas a thabhairt do shócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha maidir le ceann dá scéimeanna pinsin dá dtagraítear thíos, go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar ioncam agus chaiteachas don bhliain 2019 de réir FRS 102.

Bunús leis an tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Cé go dtugtar le fios i ráitis airgeadais an ghrúpa go raibh glandliteanais €138 milliún ag an ngrúpa ag deireadh na bliana tá míniú tugtha ag an Údarás i Nótá 29 maidir leis an mbunús a mheasann sé go bhfuil sé cuí glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

Mar a mhínítear níos ionmláine sna beartais chuntasaíochta, feidhmíonn an tÚdarás ceithre scéim pinsin. Nochtar i ráitis airgeadais an ghrúpa oibleagáidí sochair scoir ionmlána amhail an 31 Nollaig 2019 €310 milliún (2018: €261 milliún).

Tá rátháiochtaí reachtúla i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí pinsin a mhaoiniú amach anseo i ndáil le trí cinn de na scéimeanna. Mar thoradh air sin, aithnítear sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha €131 milliún i ráiteas airgeadais an ghrúpa i leith na dtrí scéim sin. Ní aithnítear sna ráitis airgeadais sócmhainn maoinithe iarchurtha maidir le scéim aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (NTDA). Meastar glanoibleagáidí sochair scoir €178 milliún a bheith i gceist leo amhail an 31 Nollaig 2019.

Ní aithnítear sna ráitis airgeadais sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha maidir le scéim an NTDA ar an ríonn go measann an tÚdarás nár tugadh rátháiocht reachtúil ná eile dó i ndáil le maoiniú na scéime sin amach anseo. Is é mo thuairim gur cheart sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha a aithint i ndáil leis an scéim pinsin sin de réir chleachtas chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn.

Breithním aitheantas a thabhairt do shócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha maidir le scéim aoisliúntais an NTDA bunaithe ar

- an bhforáil reachtíul do scéim a bhunú
- cleachtas agus beartas seanbhunaithe i ndáil le hoibleagáidí sochair scoir na seirbhíse poiblí a mhaoliniú ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear
- mar gheall go n-éilíonn an scéim ranníoca ó fhostaithe, agus
- nádúr an phróisis maidir le meastachán bhliantúla faoina socraítear maoiniú Stáit don Údarás.

Dá mbeadh sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha aitheanta ag an Údarás i ndáil leis an scéim aoisliúntais NTDA, nochtfadh ráiteas an ghrúpa ar an staid airgeadais glansócmhainní €40.3 milliún amhail an 31 Nollaig 2019 (2018: €35.3 milliún), nochtfadh ráiteas an Údarás ar an staid airgeadais glansócmhainní €38.5 milliún (2018: €33.5 milliún) agus nochtfadh cuntas ioncaim agus caiteachais an ghrúpa 2019 barrachas €1.1 milliún don bhliaín (2018: barrachas €271,000 milliún).

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Náisiúnta Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeán sin i bhfoscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta agus tá na freagrachta eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údarás agus an ráiteas maidir le rialú inmhéanach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscim trí eisceacht, i bhfoscríbhinn na tuarascála seo.

Níl tuairisc ar bith le tabhairt agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 July 2020

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Údarás

Mar a shonraitear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údarás freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhordaítear faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003
- a chinntíú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS 102

- rialtacht na n-idirbheart a chinntíú
- oiriúnacht úsáid a bhaint as bonn cuntasáiochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheanglas orm faoi alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta agus tuairisciú chuiig Tithe an Oireachtais ina leith.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhú réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaite ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónai, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaiochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- Na rioscái a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaois nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósannaimeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscái sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas mar gheall arearráid, ós rud é go bhféadfadh claoonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósannaimeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna

himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.

- Oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasáiochta agus na noctuithe ábhartha a mheas.
- Oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasáiochta a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cibé acu a bhfuil a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaithreamh ar chumas an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na noctuithe ábhartha atá sna ráitis airgeadais, nó mura leor noctuithe dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith mar chúis leis an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta scor de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear noctuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leasan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le – i measc ábhair eile – scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithníú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht

go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éiltear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlacthaí Stát maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscim má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tstí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaim fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscim ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na gcríoch dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscim trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta leordhóthanach ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ráiteas Ar Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Admhaím, thar ceann Fáilte Ireland an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta an fhreagracht atá ar an mBord a chinntí go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Glastar san áireamh sa fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlactaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá an córas um rialú inmheánach leagtha amach chun riosca go leibhéal infhulaingthe a bhainistiú seachas é a chur as an áireamh ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhnithe cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bliaín dar críoch an Dé Máirt 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

An Acmhainn Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Clárúchán, (ARRC) ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta atá comhdhéanta de thríúr comhalaí Údaráis. Tá saineolas airgeadais agus iniúchóireachta ábhartha ag Cathaoirleach an ARRC. Tháinig an ARRC le chéile cúig huairé le linn na bliana 2019.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta freisin atá comhdhéanta d'Iniúchóir Inmheánach a bhíonn i dteagháil le sainchomhairleoirí agus a thugann faoi chlár oibre a chomhaontaítear leis an ARRC. Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an bhFeidhmeannas, ARRC agus ag an Údarás ina leagtar amach inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus na róil agus freagrachtaí atá ar bhaill foirne maidir le riosca. Tá an beartas seo eisithe ar an bhfoireann ar fad a bhfuiltear ag súil a bheidh ag obair laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an Údaráis, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a bheadh ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh do rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Fáilte Ireland, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta a ithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a ithníonn na príomhrioscaí atá le sáru ag an eagraíocht agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an Feidhmeannas & ARRC athbhreithniú ar an gclár ar bhonn ráithíuil agus déantar seo a thuairisciú chuig an Údarás ag gach cruinníú de chuid an Údaráis. Tugann an tÚdarás faoi athbhreithniú iomlán ar an gclár rioscaí ar bhonn bliantúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntí go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil leis an bhfeidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de:

- rtá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas ghnó,
- freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist,
- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach ann,
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint, agus
- cinntíonn nósanna imeachta rialithe a bhaineann le maoiniú deontas do ghníomhaireachtaí lasmuigh go bhfuil rialú agus monatóireacht leordhóthanach á dhéanamh ar cheadú deontas agus athbhreithniú á dhéanamh ar dheontaíthe lena chinntí go ndéantar maoiniú deontas a chur i bhfeidhm chun na críche dá bhfuil sé beartaithe.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialithe agus déantar easnaimh rialithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh chomh maith leis an mbainistíocht agus an tÚdarás in am tráthá.

Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnáí seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá príomhrioscaí agus na rialuite bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpriomhrialuite seo agus aon easnaimh a athnítear a thuairstí;
- Tá socrutithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíochta airgeadais sannta; agus
- déanann an ardbainistíocht athbhreithniú go rialta ar thuarascálacha feidhmíochta tréimhsíúla agus bliantúla agus airgeadais a thugann léiriú ar fheidhmíochta in aghaidh buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Fáilte Ireland an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta chun comhlíontacht leis na rialacha agus treoirlínte soláthair a chinntí agus gur chloí an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin sa bliain 2019 seachas i gcás caiteachas sna conartháí seo a leanas.

CONARTHÁI DO	LUACH €	AN CHÚIS LE NEAMHCHOMHLÍONADH	STÁDAS REATHA
Guthghlaonna Seasta agus VoIP	21,574	Bronnadh an conradh seo faoi phróiseas tairisceana na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) ar feadh tréimhse 3 bliana ó 26/10/16 go 25/10/19. I Lúnasa 2019, thug Fáilte Ireland faoi deara go raibh cinneadh déanta ag an OGP gan tabhairt faoi thairiscint arís, bhí ar Fáilte Ireland ansin tabhairt faoina phróiseas tairisceana AE féin rud a d'fhág nach raibh aon chonradh i bhfeidhm ar feadh tréimhse 11 seachtain.	Conradh nua i bhfeidhm laistigh de Fáilte Ireland ón 10 Eanáir 2020.
Tacaíocht Láithreáin Gréasáin	9,028	Mar a cuireadh in iúl in AFS 2018, baineann sé seo le láithreán gréasáin saincheaptha a forbraíodh breis agus 5 bliana ó shin atá fós oiriúnach don fheidhm. Níl ach aon soláthraí speisialtóireachta amháin ann faoi láthair maidir leis an láithreán leagáide seo a raibh caiteachas breise 3 mhí mar thoradh air in 2019 nuair nach raibh aon chonradh i bhfeidhm (caiteachas neamhchomhlíontach 2018 €35,000).	Conradh nua i bhfeidhm laistigh de Fáilte Ireland ón 1 Aibreán 2019.

Maidir leis an dá chonradh neamhchomhlíontach a tuairiscíodh in 2018, bronnadh tairiscintí ó shin agus níl na míreanna seo neamhchomhlíontach a thuilleadh.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Fáilte Ireland, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialuithe. Cuireann obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Clárúcháin a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre agus an bhainistíocht shinsearach san Údarás atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil obair mhonatóireachta agus athbhreithnithe na heagraíochta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas.

Deimhním gur thug an tÚdarás faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bliain 2019 i mí Feabhra 2020.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Goideadh ríomhaire glúine de chuid na comhlachta den láthair an 15 Márta, ar a raibh sliochtanna ón gcóras CRM, a raibh sonraí gnó, aimmneacha agus sonraí teagmhála mar chuid de. Rinneadh teagmháil leis na teagmhálaithe ar fad ar an gcóras CRM ag cur comhairle orthu maidir leis an sárú. Rinneadh an cás a thuairisciú chuig An Garda Síochána agus chuig Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (DPC). Chuir Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí deireadh leis an gcás ina dhiadh sin.


Le linn 2018, tharla sárú slándála tríú páirtí mar gheall ar laige rialaithe a raibh caillteanas €11,730 chuig an Údarás mar thoradh air. Tá an Garda Síochána fós ag fiosrú an cháis. Níor aisghabhadh go fóill an méid a cailleadh go dtí seo.

Le linn 2016 agus 2017, d'aithin an Bhainistíocht earráidí luach €79k ar an iomlán maidir le seachfhoinsí fheidhm phárola an Údaráis. Cuireadh pleannána aisíocaíochta i bhfeidhm in 2018 le gach ball fairne ar bhain sé leo. Fuarthas 65% de seo ar ais amhail an 31/12/2019 agus tá na méideanna atá fágtha dlite in 2020.



Michael Cawley
Cathaoirleach Comhalta Údaráis

31 July, 2020



Des O'Dowd
Comhalta Údaráis

31 July, 2020

Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus ar Chúlchistí Coinnithe


Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Notaí	2019 €'000	2018 €'000
	Athrangaithe		
IONCAM			
Deontais Oireachtas Ar Fáil	2	160,439	130,569
Ioncam Eile	3	6,148	4,714
KGCL Property Holdings Ltd - Ioncam ó Chíos	18	5	5
Glan-Mhaoiniú larchurtha do shochair scoir sa bhliain	28 (D)	1,470	1,632
		168,062	136,920
AISTRIÚ Ó/(CHUIG) C(H)ÚLCISTÍ CAIPITIL	22	(3,824)	3,267
Ioncam lomlán		164,238	140,187
CAITEACHAS			
Speansais Oibríochta Ghinearálta:			
Cláir Aitheantais (Slí an Atlantaigh Fhiáin, BÁC, Sean-Oirtear na hÉireann, Croíthailte Ceilte na hÉireann)	4	27,143	22,991
Margaíocht agus Forbairt Gnó	5	17,735	11,798
Cláir Náisiúnta Forbartha	6	17,056	15,304
Forbairt Oibríochtaí	7	10,388	11,817
Pá	8	32,695	30,823
KGCL Property Holdings Ltd - Costais Riaracháin	18	47	47
Íocaíochtaí Deontais Turasóireacht Éireann Teoranta	2	58,624	47,693
Caiteachas lomlán		163,688	140,473
Barrachas / (Easnamh) roimh Chánachas		550	(286)
Cánachas		-	-
Barrachas / (Easnamh) tar éis Cánachais		550	(286)
Leas mionlaigh - KGCL Property Holdings Ltd		11	11
Barrachas / (Easnamh) tar éis Leasa mionlaigh		561	(275)

Is cuid dhilis de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na notaí 1 go dtí 31.



Michael Cawley
Cathaoirleach Comhalta Údarás



Des O'Dowd
Comhalta Údarás

July 31, 2020

July 31, 2020

Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019


	Notáí	2019	2018
		€'000	€'000
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		561	(275)
GNÓTHACHAIN ACHTÚIREACHTA AR SCÉIMEANNA PINSIN			
Gnóthachan/(Caillteanas) ó thaithí ar dhliteanas phinsin na scéime	28 (B)	3,195	7,850
(Caillteanas)/Gnóthachan de bharr athruithe ar bhoinn tuisceana	28 (B)	(49,941)	12,290
GNÓTHACHAN (CAILLTEANAS)/ ACHTÚIREACH			
COIGEARTÚ AR GHLAN-MHAOINIÚ IARCHURTHA DO SHOCHAIR SCOIR	28 (B)	22,398	(7,679)
Coigeartú maidir le hIarchur Pinsin Ghlan		(24,348)	12,461
(Caillteanas)/Gnóthachan Aitheanta lomlán i leith na Blíana		(23,787)	12,186

Is cuid dhilis de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na notaí 1 go dtí 31.



Michael Cawley
 Cathaoirleach Comhalta Údarás

31 July, 2020



Des O'Dowd
 Comhalta Údarás

31 July, 2020

Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2019


	Notáí	2019 €'000	2018 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Maoin, Fearas agus Trealamh	13	23,146	22,780
Sócmhainní Inláimhsithe	15	4,664	1,246
Sócmhainní Airgeadais	17	60	60
Réadmhaoin Infheistíochta	16	176	176
		28,046	24,262
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardail		9	21
Deontais Oireachtas Ar Fáil	19	12,900	-
Infháltais	19	865	957
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	20	32,427	43,617
		46,201	44,595
Suimeanna infíoctha : Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	21	33,973	33,525
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		12,228	11,070
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIOS REATHA ROIMH PHINSIN		40,274	35,332
Coigeartú ar Ghlan-Mhaoiniú larchurtha do Shochair Scoir	28 (D)	131,424	107,557
Oibleagáidí Sochair Scoir	28 (C)	(309,501)	(260,718)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIOS REATHA TAR ÉIS PINSEAN		(137,803)	(117,829)
ARNA CHUR I LÁTHAIR			
Cúlchistí loncaim Coinnithe		(164,480)	(140,693)
Cuntas Caipitil	22	26,221	22,397
		(138,259)	(118,296)
LEAS MIONLAIGH		456	467
		(137,803)	(117,829)

Is cuid dhilis de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreibhadh Airgid agus na notáí 1 go dtí 31.



Michael Cawley
Cathaoirleach Comhalta Údarás

July 31, 2020



Des O'Dowd
Comhalta Údarás

July 31, 2020

Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2019

	Notaí	2019 €'000	2018 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Maoin, Fearas agus Trealamh	13	21,323	20,917
Sócmhainní Inláimhsithe	15	4,664	1,246
Sócmhainní Airgeadais	17	58	58
Réadmhaoin Infheistíochta	16	176	176
		26,221	22,397
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardail		9	21
Deontais Oireachtais Ar Fáil	19	12,900	-
Infháltais	19	865	956
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	20	32,420	43,615
		46,194	44,592
Suimeanna iníochta : Méideanna dlite laistigh de bhliaín amháin	21	33,963	33,519
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA			
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIOS REATHA ROIMH PHINSIN		38,452	33,470
Coigeartú ar Ghlan-Mhaoiniú larchurtha do Shochair Scoir	28 (D)	131,424	107,557
Oibleagáidí Sochair Scoir	28 (C)	(309,501)	(260,718)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIOS REATHA TAR ÉIS PINSEAN		(139,625)	(119,691)
ARNA CHUR I LÁTHAIR			
Cúlchistí loncaim Coinnithe		(165,846)	(142,088)
Cuntas Caipitil	22	26,221	22,397
		(139,625)	(119,691)

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreibhadh Airgid agus na notaí 1 go dtí 31.



Michael Cawley
Cathaoirleach Comhalta Údarás

31 July, 2020



Des O'Dowd
Comhalta Údarás

31 July, 2020

Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe ar Ghnáthscaireanna

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019


	Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais	Caipetal	NCI	IOMLÁ
	€'000	€'000	€'000	€'000
Amhail an 01 Eanáir 2018	(152,879)	25,664	478	(126,737)
(Easnamh) Coinnithe do 2018	(286)	-	-	(286)
(Easnamh)/Barrachas Coinnithe KGCL do 2018	11	-	(11)	-
Ioncam a Úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a Cheannach nó íocaiochtaí Caipítí	-	1,600	-	1,600
Amúchta a Mhaoiniú ag teacht le dímheas	-	(3,482)	-	(3,482)
Diúscairt Sócmhainní	-	(1,385)	-	(1,385)
Ioncam Cuimsitheach Eile - pinsean	12,461	-	-	12,461
Amhail an 31 Nollaig 2018	(140,693)	22,397	467	(117,829)
Barrachas Coinnithe do 2019	550	-	-	550
Barrachas/(Easnamh) Coinnithe KGCL do 2019	11	-	(11)	-
Ioncam a Úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach nó íocaiochtaí caipítí	-	6,404	-	6,404
Amúchta a mhaoiniú ag teacht le dímheas sócmhainní nó muirear airgeadais	-	(2,580)	-	(2,580)
Diúscairt Sócmhainní	-	-	-	-
Ioncam cuimsitheach eile - pinsean	(24,348)	-	-	(24,348)
Amhail an 31 Nollaig 2019	(164,480)	26,221	456	(137,803)

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go dtí 31.



Michael Cawley
Cathaoirleach Comhalta Údarás

31 July, 2020




Des O'Dowd
Comhalta Údarás

31 July, 2020

Ráiteas an Ghrúpa ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Notai	2019 €'000	2018 €'000
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaiochtaí Oibriúcháin			
Barrachas /(Easnamh) tar éis Leasa Mionlaigh		561	(275)
Leas Mionlaigh		(11)	(11)
Glan-Mhaoiniú larchurtha do Shocair Scoir		568	545
Dímheas Maoine, Innealra agus Trealmh		1,417	1,493
Dímheas ar Shócmhainní Seasta Inláimhsithe		1,203	2,031
Dísriobh ar Mhaoin, ar Innealra agus ar Threalamh		-	-
Aistriú chuig/(ó) Cuntas Caipitiúil	22	3,824	(3,267)
Ús Bainc Faichte		2	3
(Brabús)/Caillteanais ar Mhaoin, Innealra agus Trealmh a Dhíol		-	(1,115)
Fáltais ar Mhaoin a Dhíol		-	2,500
(Ardú)/ Laghdú ar Infháltais	19	(12,808)	189
Ardú/ (Laghdú) ar Infháltais	21	448	(7,619)
(Ardú) / Laghdú ar Fhardail		12	24
Glan-Insreabhadh/Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhachtaí Oibríochta		(4,784)	(5,202)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaiochtaí Infheistíochta			
Íocaiochtaí chun Maoin, Innealra agus Trealmh a Fháil		(1,783)	(809)
Íocaiochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil		(4,621)	(791)
Glan-Insreabhadh/Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhachtaí Oibríochta		(6,404)	(1,600)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaiochtaí Airgeadais			
Ús Bainc Faichte		(2)	(3)
Glan-insreabhadh /(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhachtaí oibríochta		(2)	(3)
Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim agus comhluach in airgead tirim		(11,190)	(7,105)
Airgead tirim agus Coibhéisí airgid thirim ag túis na bliana		43,617	50,722
Airgead tirim agus Coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana		32,427	43,617



Michael Cawley
Cathaoirleach Comhalta Údarás

31 July, 2020



Des O'Dowd
Comhalta Údarás

31 July, 2020

Nótaí A Ghabhan leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais:-

EOLAS GINEARÁLTA AGUS COINBHINSIÚ CUNTASAÍOCHTA

Bunaíd Fáilte Ireland faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003. Is iad príomhfheidhmeanna Fáilte Ireland, arna sonrú sa reachtaoicht:

Forbairt na tráchta turasóireachta sa stát a spreagadh agus a chur chun cinn agus tacú léi agus le fiontair agus le tionscadail maidir leis seo.

Earcaiocht, oiliúint, oideachas agus forbairt daoine óga a spreagadh agus a chur chun cinn agus tacú leo chun criochea fostáiochta le tionscal na turasóireachta. Taighde agus pleannál a chur chun cinn agus dul ina mbun.

Cláir áiseanna lóistín a bhunú agus a choinneáil.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é Fáilte Ireland.

RÁITEAS MAIDIR LE COMHLÍONADH

Ullmháiodh ráitis airgeadais Fáilte Ireland don bhliain dar críoch an Dé Máirt 31 Nollaig 2019 de réir FRS 102, an caighdeán tuairisciochta airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfogairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Ullmháiodh na ráitis airgeadais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtai Stáit a Rialú 2016.

BUNÚS AN ULLMHAITHE

Ullmháiodh na ráitis airgeadais de réir an choinbhinsiún costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear de réir luachanna cothroma arna míniú sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais sa chruth atá ceadaithe ag an Aire iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus aontaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a cheaptar a bheith baiteach le ráitis airgeadais Fáilte Ireland. Rinneadh figiúirí 2019 a athrangú nuair is gá de réir na gceanglas a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtai Stáit a Rialú 2016.

DEONTAIS OIREACHTAIS

Is léiriú iad na deontais sa Chuntas loncaim agus Caiteachais ar na suimeanna a infhaigthe i leith na tréimhse sin. Is mar thoradh ar an athrú a tháinig ar chleachtadh arna chur i bhfeidhm ag príomh-maoinitheoir Fáilte Ireland a tháinig athrú ar an bpolasá féacht nóta 19. Déantar gach Deontas Oireachtaí do Thurasóireachta Éireann Teoranta a mhaoiniú trí Fáilte Ireland. Eascaíonn ioncam ó dheontaí iarchurtha nuair nach dtabhaítear caiteachas a bhí beartaithe i ndáil leis na deontais a fuarthas faoi dheireadh na bliana.

DEONTAIS INÍOCHTA

Aithnítear caiteachas deontais sa tréimhse ina ndéanann an faighteoir an ghníomhaiocht deontais a chruthaíonn teidliocht ar an deontas. Eascaíonn ioncam réamhíochta nuair a fhraigheann Fáilte Ireland ioncam ó tháillí roimh an tréimhse lena mbaineann sé.

IONCAM EILE

Aithnítear an t-ioncam uile, seachas ioncam cíosa, nuair is dócha gur chun leas an Ghrúpa a rachaidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an idirbheart agus nuair is féidir an t-ioncam a thomhas go cruinn. Aithnítear ioncam cíosa ar bhonn líne dirí le linn an léasa ábhartha.

AIRGEADRA COIGRÍCHE

Meastar an euro a bheith ar an airgeadra ionadaíoch agus láithreach atá ag an ngrúpa agus ag an máthairchuideachta toisc gurb é sin airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíochta ina bhfeidhmionn siad.

Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadra coigríche a iompú ina euro ag ráta caighdeánach comhaontaithe don bhliain. Déantar gnóthachain agus caillteanais malaire réadaithe sa Chuntas loncaim agus Caiteachais a shocraítear le linn na bliana a áireamh sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coinnithe don bhliain. Déantar sócmhainní agus dliteanais aigéid a ainmnítear in airgeadra coigríche a aistriú go euro de réir rátaí malartaithe dháta an tuairiscithe agus déantar gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as an méid sin a chur san áireamh sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe don bhliain.

MAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH AGUS DÍMHEAS

Tugtar Maoin, Innealra agus Trealamh faoin tsamhail costais mar chostas staire lúide dímheas cartha agus aon chailteanais laige fabhruithe. Tá san áireamh le costas stairiúil caiteachas a bhaineann go direach leis an sócmhainn a thabhairt go dtí an láthair agus í a bheith sa bhail a theastaíonn chun go mbeadh ar a cumas feidhmiú sa tsíl a bhí i gceist ag an lucht bainistíochta.

Cuireann an chuideachta le méid iompair míre sócmhainní seasta an costas a bhaineann le rud a chur in áit cuid den mhír sin nuair a thabhaítear an costas sin, má cheaptar go mbainfidh an chuideachta tairbhe as an bpáirt ionaid de réir a chéile amach anseo. Déantar deisiúcháin agus cothabháil a chur in aghaidh an Ráitis maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coinnithe sa tréimhse ina n-eascaíonn siad.

Gearrtar dímheas le costas na sócmhainní lúide luach iarmharach an dímheasa a leithdháileadh le linn na tréimhse a cheaptar a mbeidh feidhm leo, ag baint úsáide as an modh líne dirí ar na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos.

Nótaí A Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

Talamh	0%
Trealamh Ríomhaireachta	33½% de réir na Líne Díri
Troscán agus Feistis	20% de réir na Líne Díri
Trealamh Ginearálta	20% de réir na Líne Díri
Áitreabhdh	2% níos isle ná an méid cothrom nó más airde an chuid atá fágtha den Léas.

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní, ar an tréimhse a mbeidh feidhm leo agus ar an modhanna dímheasa, agus déantar coigeartú orthu roimh ré más cui, nó má tá an chuma ar an scéal go mbeidh athrú móra ann ó rinneadh tuairisc go deireanach.

SÓCMHAINNÍ SEASTA DOLÁIMHSITHE

Luaitear Sócmhainní Seasta Doláimhsithe faoin tsamhail costais mar chostas staire lúide dímheas cartha agus aon chailteanas laige fabhruthe, áit a bhfuil an tsócmhainn ar fáil don úsáid atá ceaptha di. Tá san áireamh le costas stairiúil caiteachas a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a ullmhú don úsáid atá ceaptha di. Sa chás go mbaineann costais le sócmhainn nach bhfuil ar fáil don úsáid atá ceaptha di, coinnítear an costas ag an gcostas stairiúil agus ní dhéanfar í a dhímheas go dtí go mbeidh sí ar fáil don úsáid atá ceaptha di.

Gearrtar dímheas le costas na sócmhainní lúide luach iarmharach an dímheasa a leithdháileadh thar an tréimhse a cheaptar a mbeidh feidhm leo, ag baint úsáide as an modh líne díri ar an ráta bliantúil 33½%.

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní, ar an tréimhse a mbeidh feidhm leo agus ar an modhanna dímheasa, agus déantar coigeartú orthu roimh ré más cui, nó má tá an chuma ar an scéal go mbeidh athrú móra ann ó rinneadh tuairisc go deireanach.

Tá sócmhainní inláimhsithe an Údarás comhdhéanta de na costais inchurtha dhíreacha ar fad is gá chun an tsócmhainn a chruthú, a tháirgeadh agus a chur sa bhail a theastaíonn chun go mbeadh ar a cumas feidhmiú sa tsúl a bhí i gceist ag an lucht bainistiochta. Áirítear sna sócmhainní sin costais i ndáil le forbairt ar an láithreán gréasáin, grianghraif/físeáin, ábhar cruthaitheach agus ábhar.

SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA

Bíonn sócmhainní infheistíocha comhdhéanta de thalamh agus d'fhoirgnimh le luach taitneamhach amháin agus lúaitear.

Déantar maoin infheistíocha ar féidir luach cothrom a thomhas go cruinn lena n-aghaidh gan costas nó iarrachtaí mhíchúr ar bhonn leanúnach, a thomhas ar luach cothrom gach bliain agus aithnítear aon athrú atá tagtha ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais. Déantar sócmhainní infheistíocha atá ar diol a athluacháil ag an bpraghас a cheaptar a dhíofar iad.

SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

Ar na sócmhainní airgeadais tá leasanna cothromais in eintitís áirithe, faoi mar a shonraítear i Nóta 17. Taispeántar

na sócmhainní seo de réir costais lúide lagú seachas de réir luachála óir níl luacháil praiticiúil de bharr chineál na n-infheistíochtaí agus de bharr

- (a) nach bhfuil aon phraghsanna ar fáil do shócmhainn den chineál céanna ar mhargadh gníomhach,
- (b) nach bhfuil aon phraghsanna d'idirbhearta a rinneadh le déanaí ar shócmhainn den chineál céanna agus
- (c) nach bhfuil aon bhealach le praghas idirbhearta a chinneadh bunaithe ar mhálatrú ar neamhthuilleamaí a bhaineann le gnáth-thosca gnó.

Lena chois sin, rachadh an costas a bhaineann leis na sócmhainní a luacháil thar an taibhe a bainfí as agus níl sé ar intinn ag aon duine na hinfheistíochtaí seo a chur de dhroim seoil chomh fada agus is léir amach anseo.

CUNTAS CAIPITIL

Is ionann an Cuntas Caipitil agus an luach ioncaim neamhamhúcta a úsáidtear chun críochá caipitil. Déantar aistrithe idir cúlchistí ioncaim agus cúlchistí caipitil gach bliain chun maoiniú caipitil na heagraíochta a chothromú, lena n-áirítear léasanna airgeadais, chuig glanluach leabhair a sócmhainní seasta.

EARRAÍ INFHAIGTHE

Níl mír mhór airgeadais ag baint le hearráí infhaigthe agus tomháistear iad de réir a bpraghais idirbhearti nuair a aithnítear ar dtús iad. Déantar earráí infhaigthe a athbhreithniú le haghaidh táscairí lagaithe agus dísriobhtar drochfhliacha sa tréimhse ina dtarlaionn siad.

FARDAIL

Déantar fardail a luacháil ag an gcostas bunaidh agus ag an nglanluach inréadaithe. Déantar athbhreithniú ar shuim ghlanluacha na bhfardal le haghaidh táscairí lagaithe ar gach dáta tuairiscithe. Má tá fianaise oibiachtúil ann ar lagú, aithnítear cailliúint lagaithe sa Ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe.

LÉASANNA OIBRÍOCHTA

Cuirtear cíos a íocadh faoi léasanna oibríochta chun dochair an Ráitis maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe ar bhonn líne díri le linn tréimhse an léasa.

SOCHAIR D'FHOSTAITHE

(A) Sochair Scoir

Tá scéimeanna sochair shainithe i bhfeidhm ag an Údarás trí cheithre scéim ar leith, is iad sin:

- * Plean Pinsin Rannfíocach (CERT roimhe seo) agus Plean Sochar Báis (dúnta d'iontráilte nuá)
- * Scéim Pinsin Eagraíochtaí Turasóireachta Réigiúnacha (dúnta d'iontráilte nuá)
- * Scéim Aoisliúntais an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta
- Scéim Aonair Pinsin Seirbhise Poiblí
- * Maoinitar trí cinn acu gach bliain ar bhunús ioc-mar-a-úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó ranníocaíochtaí a baineadh as thuarastail ball foirne.

Is i an Scéim Aonair Pinsin Seirbhise Poiblí, a mhaoinítear ar bhunús ioc-mar-a-úsáidtear freisin, an ceathrú Scéim. Déantar na ranníocaíochtaí ar fad a bhailtear ó fhostaithé a chur ar ais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil.

Nótaí A Ghabhan leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

Plean Pinsin Ranníocach (CERT roimhe seo) agus Plean Sochar Báis (dúnta d'iontrálaithe nua)

Aithnítear sócmhainn chun forálacha an Acharta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, a léiriú. Faoin Acht, nuair nach bhfuil comhiomlán comhaltaí agus ranníocaíochtaí Fáilte Ireland chuig an scéim leordhóthach chun oibleagáidí Fáilte Ireland a sheasamh lena chuid oibleagáidí pinsin a ioc de réir na scéime, slánódh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe aon easnamh ó chistí a chuireann an tOireachtas ar fáil.

Scéim Pinsin Eagraíochtaí Turasóireachta Réigiúnacha (dúnta d'iontrálaithe nua)

Aithnítear sócmhainn chun forálacha an Acharta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, a léiriú. Faoin Acht, nuair nach bhfuil comhiomlán comhaltaí agus ranníocaíochtaí Fáilte Ireland chuig an scéim leordhóthach chun oibleagáidí Fáilte Ireland a sheasamh lena chuid oibleagáidí pinsin a ioc de réir na scéime, slánódh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe aon easnamh ó chistí a chuireann an tOireachtas ar fáil.

Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta

In 2014, lorg an tÚdarás dearbhú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go mbeadh forálacha comhchosúla leo sin san Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 curtha i bhfeidhm ar Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta.

Fuair an túdarás dearbhú cé nach bhfuil ráthaocht shoileir ann go mbeidh maoiniú ar fáil i gcónai, go nglacann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis gur féidir a thuiscint go réasúnach go leanfaidh maoiniú Státhchiste ar aghaidh do chomhlachtaí iomchuí a fhraigheann maoiniú ón Státhchiste a bhfuil cuntais fhabhraithe agus scéimeanna íoc-mar-a-úsáidtear le déanamh acu. Toisc nach dtugann sé sin dearbhú don Údarás go gcuirfidh an tOireachtas aon easnamh a bheidh sa chiste ar fáil, dá réir sin amhail an 31 Nollaig 2013 tá a bheartas cuntasáiochta leasaiteag an údarás agus ní aithnítear a thuilleadh sócmhainn i leith an dliteanais iarchurtha do Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta.

Ní aithnítear aon sócmhainn chomhfhreagrach ó Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta toisc nach luaitear an scéim sa reacataocht thuaasluaite.

An Scéim Pinsean Seirbhise Poiblí Aonair (An Scéim Aonair)

Tá Scéim Pinsean Seirbhise Poiblí Aonair (Scéim Aonair) i bhfeidhm ag Fáilte Ireland ar scéim pinsean sochair shainithe atá i gceist do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Íocatar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair anonn chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Foráiltear le hAlt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhise Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) íocaíochtaí pinsin mar a bheidh siad dlite a mhaoiniú i bhfoirm íocaíochtaí ó Phríomh-Chiste no-

ó chistí a chuireann an tOireachtas ar fáil chun na críche sin.

Léiríonn costais phinsin sochair pinsin arna ngnóthú ag fostaithe sa tréimhse. Léirítear na costais glan ar ranníocaíochtaí foirne a choinníonn an Fáilte Ireland agus a úsáidtear in urscaoileadh an dliteanais pinsean don bhliain seachas ranníocaíochtaí chuig an Scéim Pinsean Seirbhise Poiblí Aonair, déantar ranníocaíochtaí a chur ar ais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe uair sa mhí. Aithnítear méid atá comhfhreagrach leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dháilteanas agus sócmhainní na scéime sa Ráiteas maidir le hioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa phleán pinsin ranníocach (CERT roimhe seo) agus sochar báis, sa Scéim Pinsin Eagraíochta Turasóireachta Réigiúnacha agus sa Scéim Pinsean Seirbhise Poiblí Aonair sa mhéid in-aisghabhála chun forálacha an Acharta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, agus an Acht aum Pinsin na Seirbhise Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012.

Is ionann Oibleagáidí Sochair Scoir agus luach reatha íocaíochtaí pinsin sa todhchaí a thuilleann an fhoireann go dáta. Tá luacháil déanta ag achtúire neamhspleách ar dháilteanas na scéime amhail an Dé Máirt 31 Nollaig 2019 ag baint úsáide as an modh aonaid theilgthe.

(B) Sochair Ghearrhéarmacha

Aithnítear sochair ghearrhéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaitear ag deireadh na bliana sa bhfigíür 'Suimeanna Iníochta' sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHRITICÍÚLA CHUNTASAÍOCHTA

D'fhoinn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastachán agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainn agus dliteanais amhail dháta na tuarscála agus na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana. Fágann cineál an mheastacháin sin, áfach, go bhféadfadh nár mhar a chéile tortaí agus meastacháin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a raibh tionchar acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Lagú Maoine, Innealra agus Trealaímh agus Sócmhainní Inláimhsithe agus Dimheasa

Déantar athbhreithniú ar shócmhainn atá faoi réir ag amúchadh maidir le lagú nuair a thugtar le tuiscint de bharr imeachtaí nó athruithe go mb'fhéidir nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanais i leith lagú mar an difear idir an tsuim ghlanluacha sa bhreis ar an tsuim inaisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála ná an méid is airde de luach cothrom sócmhainne lúide an costas diolta agus an luach úsáide. Chun lagú a Mheas, déantar acmhainní a ghrúpáil ag na leibhéal is ísle ina bhfuil sreasbhadh airgid inaithseanta ar leith ann dóibh (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar gach sócmhainn neamh-airgeadais ar bhain lagú di ar dháta na tuairiscithe féachaint an lagú a aisiompú.

Nótaí A Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

Dímheas agus Luachanna larmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an lucht bainistíocha ar ré feidhme na sócmhainne agus ar luach iarmharach gaolmhar na n-aicmí sócmhainne seasta ar fad agus is é a dtuairim gur cuí iad ré feidhme agus luach iarmharach na sócmhainní.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar nuashonrú gach bliain ar na boinn tuisceana achtúireacha ar a bhfuil na méideanna a athnítar sna ráitis airgeadais bunaithe (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhléil cúitimh amach anseo rátaí mortláiochta agus rátaí treocheata costais cúraim sláinte) bunaithe ar dháláit eacnamaíocha reatha agus aon athrú ábhartha i dtaoibh téarmái agus coinniollacha an phinsin agus ar phleananna iar-scoir.

Is féidir na rudai seo a leanas cur isteach ar na boinn tuisceana

- an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáide ardchaighdeáin

- leibhléil chuítmh a bheidh ann amach anseo, cúinsí an mhargaidh saothair amach anseo
- rátaí treocheata costais cúraim sláinte, an ráta boilscithe costais leighis sna réigiún ábhartha.

Deontais Chaipitil

Faoi mar a leagtar amach sa pholasáí cuntasaíochta i ndáil le deontais iniocta, aithnítear caiteachas sa tréimhse ina ndéanann an faighteoir an ghníomhaíocht deontais nó ina mbaintear amach Eochairtháscaí feidhmíochta trína gruthaitear teidliocht ar thacaíocht deontais agus ina gcomhlíontar coinniollacha sonraithe an deontais. Soláthraíonn an TÚdarás deontais chaipitil do chomhlachtaí príobháideacha agus poiblí araon a bhfuil tionscadail turasóireachta acu. Is féidir le moill mhór a bheith ar na hélimh a leagtar faoi bhráid an Údarás ar fócaíocht. Aithnítear sna ráitis airgeadais fabhrú i ndáil le caiteachas a thabhaigh deontaithe ach nár éiliodh fós é (nóta 21). Maidir le tionscadail chaipitil, tá cuid mhór den fhabhrú seo bunaithe ar mheastachán a chuir deontaithe ar fáil ar bhonn caiteachais a tabhaíodh ar thionscadail chaipitil.

2. DEONTAIS OIREACHTAIS INFHAIGTHE DON TRÉIMHSE

	2019			2018		
	Fáilte Ireland	Tourism Ireland	2018 lomlan	Fáilte Ireland	Tourism Ireland	2018 lomlan
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
E3 Deontas Fáilte Ireland						
Speansais Oibríochta Ghinearálta	68,324	-	68,324	61,816	-	61,816
Forbairt Chaipitil	1,050	-	1,050	800	-	800
Ciste Margaochta Turasóireachta E5	11,097	38,486	49,583	9,397	30,391	39,788
Ciste Caipitil Margaochta Turasóireachta E5	-	4,000	4,000	-	2,000	2,000
E4 Tourism Ireland Ltd. Riarachán agus Costais	-	16,138	16,138	-	15,302	15,302
E6 Forbairt Earraí Turasóireachta	21,344	-	21,344	10,863	-	10,863
	101,815	58,624	160,439	82,876	47,693	130,569

Tá Deontais Oireachtas infhaigthe ón Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt (Vóta 31) faoi na fotheidil E3, E4, E5 agus E6 mar atá sonraithe thusa. Déanann an Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt an Ciste Margaochta Turasóireachta, a gcaitear vóta air, a leithdháileadh go bliantúil idir Fáilte Ireland agus Turasóireachta Éireann Teoranta. Úsáideadh na Deontais a Fuarthas chun na gcíoch dár leithdháileadh iad. An 19 Nollaig 2019 thug DTTAS treoir do Fáilte Ireland €12.9M d'iarmhéideanna aigid a aischtur roimh an 31 Nollaig 2019. Dheimhnigh DTTAS nach léiriú a bhí san idirbheart seo ar laghdú ar bhuiséad agus chuirfí ar fáil é ach é a iarraidh.

Nótaí A Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

3. IONCAM EILE

	2019 €'000	2018 €'000
Caighdeán agus Táillí Clárúcháin	1,875	1,851
Oifigi Eolais agus Áiteanna a Mheallann Turasóirí	188	209
Seónna Trádála agus Deiseanna Díolachán	2,732	2,530
Ioncaim ó Chíos, Ús Bainc agus eile	1,353	124
	6,148	4,714

4. CLÁIR AITHEANTAIS (SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN, BÁC, SEAN-OIRTHEAR NA HÉIREANN, CROÍTHAILTE CEILTE NA HÉIREANN)

	2019 €'000	2018 €'000
Caiteachas Clár	3,751	7,243
Féilte agus Caiteachas ar Imeachtaí	6,669	5,676
Caiteachas caipitil	16,723	10,072
	27,143	22,991

5. MARGAÍOCHT AGUS FORBAIRT GNÓ

	2019 €'000	2018 €'000
		Athrangaithe
Turasóireacht Gnó	6,160	5,049
Margaíocht Baile	9,400	4,812
Forbairt Gnó (athrangaithe)	2,175	1,937
	17,735	11,798
